An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

An Ardteistiméireacht

# EACNAMAÍOCHT BHAILE SIOLLABAS EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

(Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal)



# CLÁIR NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

## Cuspóirí agus Prionsabail

1. Is é cuspóir ginearálta an oideachais cabhair a thabhairt chun gach gné na hindibhide a fhorbairt, na gnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha, breithiúnacha, cultúrtha, tochtacha, bríomhara agus intleachtúla, na gnéithe a bhaineann le saol pearsanta, saol an teaghlaigh, saol na hoibre agus saol i measc an phobail, agus na gnéithe a bhaineann le scíth curtha san áireamh.

2. Cuirtear na cláir Ardteistiméireachta ar fáil leis an gcuspóir ginearálta seo, agus le béim ar leith ar ullmhú na ndaltaí i gcomhair oideachas nó oilliúint tríú leibhéal, i gcomhair fhostaíochta agus le haghaidh a ról mar shaoránaigh fhiontracha, a ghlacann páirt i gcúrsaí an tsochaí.

3. Tá sé de chuspóir ag gach clár Ardteistiméireachta leanúnachas agus dul chun cinn ó chláir na Teistiméireachta Sóisearaí a sholáthar. Is féidir go dtiocfadh athruithe ar an gcoibhneas a thugtar do na comhpháirteanna éagsúla taobh istigh de na cláir, .i. forbairt phearsanta agus shóisialta (agus gnéithe mórálta agus spioradálta san áireamh), staidéir ghairmiúla agus ullmhú i gcomhair oideachais bhreise agus i gcomhair shaol an duine fhásta agus shaol na hoibre.

4. Na cláir atá dírithe ar an Ardteistiméireacht, tá fad dhá bhliain iontu agus trí fhoirm sholáthair acu:

   i. an Ardteistiméireacht (Sheanbhunaithe)

   ii. Gairmchlár na hArdteistiméireachta

   iii. an Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

5. Maidir le gach clár Ardteistiméireachta, agus cabhair á thabhairt aige d'oideachas ardchaighdeáin, cuireann sé béim

   - ar fhoghlaim fhéin-dírithe agus smaoineamh neamhspleách
   - ar spiorad an fhiosraithe, smaoineamh breithiúnach, réiteach fadhbanna, féinmhuinín, tionscnamh agus fiontar
   - ar ullmhú don oideachas breise, do shaol an duine fhásta agus do shaol na hoibre
   - ar fhoghlaim shaoil.

## An Ardteistiméireacht (Sheanbhunaithe)

Cuireann clár na hArdteistiméireachta (Seanbhunaithe) ar fáil do dhaltaí, oideachas atá leathan agus cothromaithe, agus ag an am céanna ceadaítear dóibh oiread éigin de shainstaidéar a dhéanamh. Cuirtear siollabais ar fáil i raon leathan d'ábhair. Soláthraítear gach ábhar ag Gnáthleibhéal agus ag Ardleibhéal. Chomh maith leis sin, soláthraítear Matamaitic agus Gaeilge ag Bonnleibhéal.

Baintear feidhm as an teastas i gcomhair roghnaithe don oideachas breise, fhostaíochta, oiliúna agus ardoideachais.

## Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GA)

Is é atá i nGairmchlár na hArdteistiméarachta (GA) ná idirghabháil san Ardteistiméireacht (Sheanbhunaithe). Déanann daltaí ar an GA staidéar ar chúig ábhar ar a laghad (ag Ardleibhéal, Gnáthleibhéal nó Bonnleibhéal), ar Ghaeilge agus ar dhá ábhar ó chnuasaigh shainithe d'ábhair ghairmiúla. Ní mór dóibh freisin cúrsa aitheanta i nuatheanga Eorpach, nach Gaeilge nó Béarla í. Chomh maith leis sin, tógann siad trí nasc-mhodúl ar Oideachas Fiontair, Ullmhú don Obair agus Cleachtadh Oibre.

Go háirithe tá sé mar chuspóir ag an GA spiorad an fhiontair agus an tionscnaimh a chothú i measc na ndaltaí, agus a scileanna idirphearsanta, gairmiúla agus teicneolaíocha a fhorbairt.

## An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Is clár Ardteistiméireachta neamhspleách ann féin an Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Dearadh é i gcomhair na ndaltaí sin nach mian leo dul go díreach isteach san oideachas tríú leibhéal nó nach bhfreastalaíonn an dá chlár eile Ardteistiméireachta ar a gcuid riachtanas, mianta nó mianach. Tá an Ardteistiméireacht Fheidhmeach tógtha mórthimpeall ar thrí phríomhghné – Ullmhú Gairmiúil, Oideachas Gairmiúil agus Oideachas Ginearálta – a bhfuil comhghaoil agus comhspleáchas eatarthu. Is iad buntréithe an chláir seo ná cleachtaí oideachasúla atá gníomhach, praiticiúil agus daltalárnach.

AN ARDTEISTIMÉIREACHT

# EACNAMAÍOCHT BHAILE–EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

(Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal)

# CLÁR ÁBHAIR


**RÉAMHRÁ** . . . . . . . . . . 2

Aidhmeanna . . . . . . . . . . 2

Réasúnaíocht . . . . . . . . . . 2

Cuspóirí . . . . . . . . . . 3

Struchtúr an tsiollabais . . . . . . . . . . 5

Difreáil leibhéil . . . . . . . . . . 6

Ábhar an tsiollabais: reachtaíocht . . . . . . . . . . 6

Obair phraiticiúil . . . . . . . . . . 6

Am . . . . . . . . . . 6

Sábháilteacht, sláinte, agus leas . . . . . . . . . . 6

Treoirlínte do mhúinteoirí . . . . . . . . . . 6

**MEASÚNACHT**

Cuspóirí measúnachta . . . . . . . . . . 7

Difreáil . . . . . . . . . . 7

Formáid . . . . . . . . . . 7

**CLÁR STAIDÉIR – CROÍ ÁBHAIR**

**1. Staidéar ar bhia**

1.1 Eolaíocht an bhia agus cothú . . . . . . . . . . 8

1.2 Réim bia agus sláinte . . . . . . . . . . 13

1.3 Ullmhú agus próiseáil bia . . . . . . . . . . 15

**2. Bainisteoireacht acmhainní agus staidéar tomhaltóra**

2.1 Bainisteoireacht acmhainní teaghlaigh . . . . . . . . . . 20

2.2 Staidéar tomhaltóra . . . . . . . . . . 23

**3. Staidéar sóisialta**

3.1 An teaghlach sa tsochaí . . . . . . . . . . 24

**ÁBHAIR ROGHNACHA**

Tá trí ábhar roghnacha ann, óna roghnófar ceann amháin.

**4. Ábhar roghnach 1: Dearadh agus riar tí**

4.1 Tithíocht . . . . . . . . . . 30

4.2 Tógáil agus dearadh tí . . . . . . . . . . 31

4.3 Dearadh taobh istigh den teach . . . . . . . . . . 32

4.4 An baile tíosach ar fhuinneamh . . . . . . . . . . 32

4.5 Córais agus seirbhísí . . . . . . . . . . 33

**5. Ábhar roghnach 2: Teicstílí, faisean, agus dearadh**

5.1 Éadaí agus faisean comhaimseartha . . . . . . . . . . 35

5.2 Eolaíocht teicstílí . . . . . . . . . . 35

5.3 Measúnacht deartha agus déanamh ball éadaigh . . . . . . . . . . 36

5.4 An tionscal éadaí agus an tionscal teicstíle . . . 36

**6. Ábhar roghnach 3: Staidéar sóisialta**

6.1 Athruithe sóisialta agus an teaghlach . . . . . . . . . . 37

6.2 Oideachas . . . . . . . . . . 37

6.3 Obair . . . . . . . . . . 38

6.4 Scíth . . . . . . . . . . 39

6.5 Dífhostaíocht . . . . . . . . . . 40

6.6 Bochtanas . . . . . . . . . . 40

6.7 Freagairtí reachtúla agus pobail d'fhostaíocht a chruthú agus fáil réidh le bochtanas . . . . . . . . . . 41

# RÉAMHRÁ

## Réasúnaíocht

(i) Is ábhar feidhmeach í eacnamaíocht bhaile--eolaíoch agus sóisialta, a chomhcheanglaíonn teoiric le cleachtas chun tuiscint a fhorbairt agus fadhbanna a fhuascailt. Baineann sé leis an gcaoi ina láimhsíonn pearsana aonair agus teaghlaigh a n-acmhainní chun freastal ar riachtanais fhisiceacha, mhothúchánacha, intleachtúla, shóisialta, agus eacnamaíocha.

(ii) Díríonn eacnamaíocht bhaile ar ghnóthú eolais agus ar fhorbairt scileanna agus dearcaí a chuirfidh ar chumas daltaí smacht a fháil ar a saol féin faoi láthair agus amach anseo, pé acu sa bhaile, in oideachas breise, sa saol oibre, nó i suímh eile saoil. Leis an raon leathan eispéireas foghlama a nochtfar do na daltaí ceadófar dóibh bheith solúbtha agus in-oiriúnaithe i suímh athraitheacha an tsaoil nua-aimseartha. Ullmhaíonn sé daltaí den dá chineál inscne le haghaidh saol i sochaí atá dírithe ar thomhaltóirí, agus soláthraíonn sé bonn dóibh sin atá ag lorg fostaíocht i raon leathan gairmeacha, mar an tionscal bia, turasóireacht, éadaí agus dearadh, agus na seirbhísí sláinte agus sóisialta.

(iii) Cuireann eacnamaíocht bhaile béim ar an ngaolmhaireacht idirspleách atá ann idir pearsana aonair nó teaghlaigh agus a dtimpeallachtaí i gcóngar is i gcéin agus cuireann sí chun cinn mothú freagrachta i dtaca le hacmhainní laistigh de na timpeallachtaí sin a bhuanú.

## Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an tsiollabais ná:

- leanúnachas agus dul chun cinn ó aidhmeanna agus ábhar chlár eacnamaíocht bhaile an Teastais Shóisearaigh a sholáthar
- ligean do dhaltaí, idir bhuachaillí agus chailíní, an t-eolas, an tuiscint, na scileanna, an inniúlacht agus na dearcaí a ghnóthú agus a fhorbairt a theastaíonn chun cur le timpeallacht phearsanta agus teaghlaigh atá fabhrach d'fhorbairt, sláinte, scíth, slándáil agus sonas an duine
- bonn oiriúnach a sholáthar chun saol iarscoile a chruthú, le béim ar oideachas, ar ghairmoiliúint agus ar riachtanais fhostaíochta san am atá le teacht; chun sainriachtanais an tionscail bia, na dtionscal éadaí, teicstílí agus ceardaíochta, an tionscail turasóireachta agus na seirbhísí sóisialta agus sláinte a fholú; agus chun meas ar an tábhacht lena bhfoghlaim do gheilleagar na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh a fhorbairt
- tuiscint ar riachtanais fhisiceacha, mhothúchánacha, intleachtúla, eacnamaíocha agus shóisialta pearsan aonair nó teaghlach a fhorbairt agus meas ar éagsúlacht na dtionchar socheacnamaíoch agus cultúrtha ar shaol an teaghlaigh a spreagadh
- daltaí a spreagadh leis na scileanna bainisteoireachta a fhorbairt agus a fheidhmiú atá riachtanach d'eagrú agus do bhainisteoireacht éifeachtach acmhainní atá ar fáil chun riachtanais phearsanta agus teaghlaigh a shásamh in atmaisféar eacnamaíoch, sóisialta agus teicneolaíochta atá ag síorathrú
- feasacht a fhorbairt ar idirspleáchas na pearsan aonair nó an teaghlaigh agus na timpeallachta

agus mothú freagrachta a chur chun cinn i dtaca le saincheisteanna domhanda

- bheith mothálach do ghnéithe de chultúr na hÉireann agus chultúr na hEorpa
- spiorad fiontair, tionscanta, feasachta, aeistéitiúil, agus cruthaitheachta a fhorbairt
- daltaí a spreagadh le bheith ina dtomhaltóirí tuisceanacha, a bheidh in ann faisnéis a aimsiú agus a mheas agus faisnéis a mheá mar bhonn chun breithiúnais agus roghanna slána a dhéanamh
- feasacht a fhorbairt ar chleachtais sláinte agus sábháilteachta i ngníomhartha a bhaineann le heacnamaíocht bhaile
- tréithe pearsanta a fhorbairt: buanseasmhacht, féinmhuinín, comhar, spiorad foirne, in-oiriúnacht, agus solúbthacht.

## Cuspóirí

Seo a leanas cuspóirí an tsiollabais:

### Eolas

Ba chóir go mbeadh eolas ag na daltaí ar:

- fíorais, prionsabail, téarmaíocht, modhanna agus coincheapa atá bainteach leis an ábhar
- próisis bhainisteoireachta a bhaineann leis an bpearsa aonair, leis an mbaile, leis an teaghlach agus leis an bpobal
- an ghaolmhaireacht idir riachtanais chothaithe agus sláinte na pearsan aonair agus an phobail
- forbairtí teicneolaíochta a théann i gcion ar bhia, ábhair, teicstílí agus trealamh a úsáidtear sa bhaile, le tagairt, nuair is cuí, do na próisis thionsclaíocha
- gnéithe agus prionsabail dearaidh maidir le héadaí, bia, agus an baile
- cúinsí socheolaíocha a théann i gcion ar an bpearsa aonair agus ar theaghlaigh.

### Tuiscint

Ba chóir go dtuigfeadh daltaí:

- fíorais, prionsabail, téarmaíocht, modhanna agus coincheapa atá bainteach leis an ábhar
- riachtanais fhisiceacha, intleachtúla, mhothúchánacha agus shóisialta daoine
- iarmhairtí athruithe sóisialta agus teicneolaíochta ar an teaghlach, ar an tsochaí, ar thionscal, agus ar an ngeilleagar
- na freagrachtaí atá ar an bpearsa aonair i leith an teaghlaigh, an phobail, agus an domhain i gcoitinne
- gnéithe sóisialta agus eacnamaíocha eacnamaíocht bhaile
- an ghaolmhaireacht atá idir an phearsa aonair nó an teaghlach agus an timpeallacht.

### Scileanna

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann:

- scileanna a fhorbairt chun bia, teicstílí agus trealamh a láimhsiú, a bhreathnú agus a mheas sa raon leathan gníomhaíochtaí praiticiúla a dhéantar
- taighde, staidéar, anailís, léirmhíniú agus comhtháthú a dhéanamh ar ábhar mar bhonn chun dearcaí a léiriú agus a chur in iúl i bpleanáil agus measúnú modhanna ionadacha agus i ndéanamh breithiúnas agus cinneadh trí fhuascailt fadhbanna
- scileanna eagrúcháin, láimhsithe agus cruthaitheacha a fhorbairt agus a fhairsingiú maidir le bia a ullmhú, a chócaráil agus a chur i láthair
- tuiscint a fhorbairt ar cháilíocht agus oiriúnacht éadaí agus fabraicí
- cumas cruthaitheach a fhorbairt agus freagairt do dhearadh trí ábhair agus próisis a iniúchadh

- prionsabail chleachtas sábháilte agus sláinteach a chur i bhfeidhm
- taithí cumarsáide, idirghníomhaithe agus comhoibrithe a ghnóthú trí obair i ngrúpaí
- éifeachtúlacht cúrsa gníomhaíochta a anailísiú agus a mheas agus an cúrsa gníomhaíochta sin a atreorú más gá
- na prionsabail bhainisteoireachta a chur i bhfeidhm le haon ghníomhaíocht a bhaineann leis an ábhar.

## Inniúlacht

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann:

- faisnéis a chur i láthair san iliomad formáidí ar shlí struchtúrtha agus loighciúil
- sceidil oibre neamhspleácha a thionscnamh agus a chur chun feidhme
- teacht ar thátail nó ar fhuascailtí do thascanna nó fadhbanna ar bhealach pleanáilte córasach
- béilí sainriachtanas a phleanáil, a ullmhú, agus a chur i láthair
- cinneadh a dhéanamh agus a mheas bunaithe ar mhachnamh ar an bhfaisnéis go léir atá ar fáil
- ball éadaigh a tháirgeadh a thaispeánann an úsáid a bhaintear as raon próiseas atá leagtha síos (teicstílí, faisean agus dearadh mar ábhar roghnach amháin)
- eolas agus scileanna faighte a aistriú chuig suímh nua ag baile nó i dtionscal ionas gur féidir leo an iliomad fuascailtí ar fhadhbanna nua a tháirgeadh, féidearthacht fuascailtí molta a mheas, agus bearta réasúnaithe chun gnímh a fhoirmiú.

## Dearcaí


Ba chóir go dtuigfeadh daltaí:

- go dtéann an úsáid a bhaintear as próisis éifeachtacha bhainisteoireachta i gcion ar an gcáilíocht saoil
- ról an tomhaltóra sa tsochaí
- an tábhacht le bheith ina dtomhaltóirí tuisceanacha, atá in ann faisnéis a aimsiú agus a mheas agus fianaise a mheá mar bhonn chun breithiúnais agus roghanna a dhéanamh
- an tábhacht le cleachtais shábháilte agus shláinteacha ag baile agus in áiteanna eile agus gur chóir go mbeadh feasacht sábháilteachta ina cuid riachtanach den saol i dtaca le húsáid a bhaint as bia, ábhair agus trealamh
- na freagrachtaí atá orthu ina leith féin, i leith a dteaghlaigh, a gcomhaoisigh agus baill eile den tsochaí
- luach breithnithe aeistéitiúla maidir le gach gné den saol
- luach indibhidiúlachta, cruthaitheachta agus fiontair
- feidhmiú agus tionchar teicneolaíochta, an iarmhairt atá aici ar an tsochaí, agus a tionchar ar an timpeallacht
- an iarmhairt atá ag cinneadh pearsa aonair ar shaincheisteanna náisiúnta agus domhanda
- go bhfuil gaolmhaireacht idirspleách idir pearsana aonair agus a dtimpeallacht
- an tábhacht atá le saincheisteanna eacnamaíochta baile d'fhorbairt gheilleagrach an phobail áitiúil, na tíre, agus an Aontais Eorpaigh.

## Struchtúr an tSiollabais


### Croí-ábhar

Tá trí réimse sa chroí-ábhar:




### Ábhair roghnacha

Tá trí ábhar roghnacha ann, óna roghnófar ceann amháin.




Is é atá i ngach ábhar roghnach ná fairsingiú ar ábhar an chroí-ábhair.

### Formáid

Cuirtear an siollabas i láthair i gceithre cholún, faoi na ceannteidil:

- topaic
- clár ábhair: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo
- gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa
- naisc le codanna eile den siollabas.

Tugann an **colún topaice** na príomh-cheannteidil agus na tagairtí uimhreacha, ónar féidir tagairt a dhéanamh go caoithiúil do na topaicí atá clúdaithe.

Tugann an **colún cláir ábhair** sonraí breise ar an gclár ábhair atá riachtanach. Tugtar clár ábhar atá riachtanach don Ardleibhéal amháin le fios (i gcló dubh) sa cholún seo chomh maith.

Áirítear an **colún gníomhaíochtaí tacaíochta** chun cabhrú le múinteoirí cuspóirí an tsiollabais a bhaint amach. Spreagann na gníomhaíochtaí éagsúlacht i modhanna foghlama. Is féidir gníomhaíochtaí ionadacha oiriúnacha a úsáid chomh maith.

Tugann an ceathrú colún **naisc le codanna eile den siollabas** le fios agus áirítear é mar áis do mhúinteoirí chun topaicí a chomhtháthú ó réimse ábhair amháin go réimse ábhair eile.

**Táthar i ndiaidh an siollabas a struchtúrú chun forbairt ábhar sainiúil an tsiollabais a éascú ar bhealach soiléir faisnéiseach. Ní thugann an fhormáid ina gcuirtear an siollabas i láthair le fios go moltar aon ord múinteoireachta ar leith. Ba chóir go ndéanfadh na straitéisí múinteoireachta aidhmeanna agus cuspóirí an tsiollabais a chur chun cinn ar mhodh dearfach.**

Moltar go múinfí an t-ábhar laistigh de fhrámaíocht a chomhtháthaíonn na gnéithe agus na próisis ghaolmhara laistigh de gach ceann de na **trí réimse** den chroí-ábhar agus den ábhar **roghnach.** Éascaítear é sin tríd an trastagairt i gcolún 4: naisc le codanna eile den siollabas.

## Difreáil leibhéil

Tá an siollabas ceaptha mar chomhshiollabas don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal. Tá roinnt ábhair sonraithe don Ardleibhéal amháin. Tá an t-ábhar sin, ar fairsingiú ar ábhar an Ghnáthleibhéil é, i gcló tríd an siollabas ar fad.

Beifear ag súil go dtaispeánfaidh daltaí Ardleibhéil tuiscint níos doimhne ar choincheapa, phróisis agus phrionsabail in éineacht le céim oilteachta níos airde i scileanna, idir scileanna praiticiúla agus scileanna i nósanna imeachta.

## Ábhar an tsiollabais–reachtaíocht

Nuair a thagraítear do reachtaíocht nó do rialacháin in ábhar an tsiollabais bítear ag súil go mbeidh eolas ag na hiarrthóirí ar na forbairtí is déanaí.

## Obair phraiticiúil

Is comhpháirt riachtanach den siollabas í an obair phraiticiúil. Soláthraíonn gníomhaíochtaí praiticiúla deiseanna ar chuspóirí an tsiollabais a bhaint amach fad a dhéantar staidéar ar an ábhar.

Is sár-ábhair acmhainní iad sleamhnáin, póstaeir, leabhair, físeáin, agus cláir ríomhaire, agus moltar a n-úsáid i gcur chun feidhme an tsiollabais.

Ní mór réamhchúraimí sábháilteachta caighdeánacha a urramú, agus ní mór aire cheart a thabhairt nuair a dheántar gach gníomhaíocht.

## Am

Tá an siollabas ceaptha le haghaidh 180 uair an chloig d’am teagmhála ranga (coibhéiseach le cúig thréimhse ranga de 40 nóiméad in aghaidh na seachtaine). Teastaíonn tréimhse dhúbailte amháin ar a laghad in aghaidh na seachtaine chun obair phraiticiúil a éascú.

## Sábháilteacht, sláinte, agus leas

Beidh feidhm ag gnáthchleachtais shábháilteachta le múineadh an tsiollabais. Ní mór do mhúinteoirí obair a dhéanamh laistigh de threoirlínte an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas san Ionad Oibre (1989), agus aon leasuithe a leanann é. Spreagtar múinteoirí le dearcaí agus modhanna cur chuige dearfacha don tsábháilteacht a fhorbairt ina ndaltaí sa raon gníomhaíochtaí a dhéanann siad agus le feasacht a bhrú orthu maidir leis na luachanna le timpeallacht oibre shábháilte a chruthú.

## Treoirlínte do mhúinteoirí

Gabhfaidh sraith treoirlínte do mhúinteoirí (ábhar neamh-shaintreorach) leis an siollabas.

# MEASÚNACHT

Déanfar an siollabas a mheas de réir a chuspóirí. In aon bhliain ar leith beidh an scrúdú ionadaitheach de raon gnéithe ón siollabas.

## Cuspóirí measúnachta

Ní mór d'iarrthóirí a thaispeáint go bhfuil an méid seo a leanas acu:

(i) eolas agus tuiscint ar fhíorais, phrionsabail, théarmaíocht, mhodhanna agus choincheapa atá bainteach leis an ábhar, mar a achoimrítear sa siollabas iad

(ii) cumas chun an t-eolas agus tuiscint sin a chur i bhfeidhm san iliomad suíomh a bhaineann leis an ábhar

(iii) cumas chun taighde, taifead, anailís, léirmhíniú agus comhtháthú a dhéanamh ar ábhar agus chun faisnéis a chur i láthair ar shlí structhúrtha loighciúil

(iv) cumas chun éifeachtúlacht cúrsa gníomhaíochta a anailísiú agus a mheas

(v) scileanna eagrúcháin, láimhsithe agus cruthaitheacha maidir le réimsí cuí den siollabas

(vi) cumas chun roghanna agus cinneadh eolacha a dhéanamh bunaithe ar bhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis go léir atá ar fáil.

## Difreáil

Féachann an siollabas le freastal ar raon leathan cumas dalta. Cé go bhfuil sé ceaptha mar chomhshiollabas don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal, tá roinnt ábhair sonraithe don Ardleibhéal amháin. Is fairsingiú ar ábhar an Ghnáthleibhéil é ábhar sin an Ardleibhéil.

Beidh measúnacht ar fáil ag Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Beidh ceisteanna agus tascanna scrúduithe bunaithe ar ábhar an tsiollabais atá oiriúnach do gach leibhéal. Ina theannta sin, beifear ag súil go dtaispeánfaidh daltaí Ardleibhéil tuiscint níos doimhne ar choincheapa, phróisis agus phrionsabail in éineacht le céim oilteachta níos airde i scileanna, idir scileanna praiticiúla agus scileanna i nósanna imeachta.

## Formáid

Déanfar an mheasúnacht i bhfoirm scrúdú scríofa ceann cúrsa agus measúnacht ar obair phraiticiúil, rud atá ina chuid riachtanach den staidéar ar eacnamaíocht bhaile. Déanfar measúnacht chomh maith ar obair phraiticiúil do na hiarrthóirí sin a dhéanann staidéar ar theicstílí, faisean agus dearadh mar ábhar roghnach.

Toisc eacnamaíocht bhaile a bheith ina hábhar ildisciplíneach, moltar go múinfí í laistigh de fhrámaíocht a chomhtháthaíonn na gnéithe agus na próisis ghaolmhara laistigh den chroí-ábhar agus den ábhar roghnach a roghnaítear. Leanann sé uaidh sin, mar sin, go gcuirfidh na tascanna agus na ceisteanna measúnachta an prionsabal comhtháthaithe sin chun cinn.

# CLÁR STAIDÉIR
# CROÍ-ÁBHAR

(Baineann an téacs dubh leis an Ardleibhéal amháin.)

## 1. STAIDÉAR BIA (45%)

| Topaic | Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo | Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa | Naisc le codanna eile den siollabas |
|---|---|---|---|
| **1.1 Eolaíocht an bhia agus cothú** | | | |
| **1.1.1 Roghanna bia** | Cúinsí a imríonn tionchar ar roghanna bia, ina n-áireofaí:<br>• cultúr, patrúin itheacháin, gnéithe céadfacha, feasacht chothaitheach, stádas sláinte, fáil, airgeadas, margaíocht agus fógraíocht | Plé ar na difríochtaí i bpatrúin itheacháin i sochaithe difriúla agus ar na cúinsí a chuireann leis na difríochtaí sin.<br><br>Lá nó seachtain téama le bianna ó chultúr nó ré ar leith mar phríomhghné. | 1.2.3 Riachtanais bhia agus chothaithe<br>1.2.4 Réim bia na hÉireann<br>1.3.3 Bainisteoireacht agus pleanáil béilí<br>2.1.1 Comhpháirteanna bainisteoireachta<br>2.1.3 Bainisteoireacht acmhainní airgeadais teaghlaigh<br>2..2.1 Roghanna tomhaltóra |
| **1.1.2 Próitéin** | Comhdhéanamh<br>• bunstruchtúr aimínaigéad<br>• aimínaigéid, peiptídí, nasc peiptíde, hidrealú riachtanach | | 1.1.2 Díleá agus ionsú próitéiní |
| | Struchtúr<br>• eolas achomair ar struchtúr príomhúil, tánaisteach agus treasach | Samhlacha a úsáid chun struchtúr próitéin a léiriú, ag baint úsáid as bloic nó cruthanna le dathanna difriúla chun aimínaigéid a léiriú. | |
| | Aicmiú<br>• próitéiní simplí ainmhí– snáithíneach, cruinneogach planda–glútailiní, prólaimíní<br>• próitéiní comhchuingithe | Póstaer a dhéanamh chun samplaí a thaispeáint de gach aicmiúchán, le cur ar taispeáint sa seomra ranga. | 1.3.2 Earraí bia |
| | Foinsí<br>• foinsí próitéin ainmhí agus planda<br>• dáileadh na bpróitéiní seo a leanas i mbia: albaimin, cáiséin, geilitín, glútan, mióisin, aictin, collaigin | Póstaer a ullmhú chun foinsí a léiriú. | 1.3.3 Bainisteoireacht agus pleanáil béilí<br>1.3.2 Earraí bia |
| | Airíonna<br>• dínádúrú–téachtadh, foirmiú cúir, foirmiú glóthaí<br>• iarmhairtí teasa thirim agus thais, gníomhaíochta meicniúla, pH agus einsímí ar phróitéin le linn ullmhúcháin, cócarála agus díleá | Turgnaimh nó gníomhaíochtaí cócarála chun úsáidí praiticiúla na n-airíonna próitéin a thaispeáint. | 1.3.2 Earraí bia<br>• bianna próitéin<br>1.3.4 Ullmhúchán bia agus próisis chócaireachta<br>1.3.9 Caomhnú |

| 1. STAIDÉAR BIA (45%) | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| | Feidhmeanna<br>• feidhmeanna bitheolaíocha próitéiní struchtúracha, próitéiní atá gníomhach go fiseolaíoch, agus próitéiní cothaitheacha | | |
| | Luach bitheolaíoch<br>• comhlánú próitéiní iomlána agus neamhiomlána | Pleanáil agus ullmhú béilí simplí chun comhlánú próitéin a léiriú. | 1.2.3 Riachtanais chothaithe feoilséantóirí |
| | Luach fuinnimh<br>• cion do luach iomlán fuinnimh gnáthréim bia<br>• ról an phróitéin mar fhoinse fuinnimh bhreise<br>• dí-aimíniú | | 1.2.1 Riachtanais fhuinnimh |
| | Díleá agus ionsú<br>• hidrealú próitéin agus seichimh dhíleá<br>• ionsú agus achoimre ar an úsáid a bhaintear as aimínaigéid | | |
| **1.1.3 Carbaihiodráití** | Foirmíocht carbaihiodráítí i bplandaí | | |
| | Comhdhéanamh agus struchtúr<br>• bunstruchtúr monaisiúicríde<br>• foirmíocht déshiúicrídí agus polaishiúicrídí | Bloic lipéadaithe a úsáid chun foirmíocht déshiúicrídí agus polaishiúicrídí a léiriú. | |
| | Aicmiú<br>• monaisiúicrídí, déshiúicrídí, polaishiúicrídí | | |
| | Foinsí<br>• foinsí monaisiúicrídí, déshiúicrídí, ceallalóis, peictine, polaishiúicrídí neamhstáirse (snáithín cothaithe) | Colláis nó póstaer chun foinsí a léiriú. | 1.3.2 Earraí bia<br>• torthaí agus glasraí, gránaigh |

| 1. STAIDÉAR BIA (45%) | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| | Airíonna<br>• milseacht, tuaslagthacht, geilitíniú stáirse, hidrealú--ina n-áireofaí inbhéartú, criostalú, agus carmalú, deistriniú, asbhaint peictine agus foirmíocht glóthaí<br>• iarmhairtí teasa thirim agus thais ar charbaihiodráítí le linn cócarála<br>• iarmhairtí einsímí ar charbaihiodráítí le linn díleá | Turgnaimh ghníomhaíochtaí cócaireachta a thaispeánann feidhmiú praiticiúil carmalaithe agus inbhéartaithe siúcra agus deistriniú agus geilitíniú stáirse. | 1.3.4 Déanamh anlainn<br>1.3.4 Prionsabail atá mar bhunús le bianna stáirse-bhunaithe a chócaráil |
| | Feidhmeanna<br>• feidhmeanna bitheolaíocha siúcraí, stáirse, agus polaishiúicrídí neamhstáirse<br>• feidhmeanna cócaireachta siúcraí, stáirse, peictine | | 1.3.2 Earraí bia<br>1.3.4 Prionsabail atá mar bhunús le bia a chócaráil |
| | Luach fuinnimh<br>• cion do luach iomlán fuinnimh gnáthréim bia | Staidéar inchomparáide simplí ar luach fuinnimh bianna le siúcra nó gan siúcra curtha leo, m.sh. gránaigh. | 1.2.1 Riachtanais fhuinnimh |
| | Spriocanna cothaithe i gcás iontógáil polaishiúicrídí neamhstáirse agus an chaoi ar féidir iad sin a bhaint amach | Luach fuinnimh bia, m.sh. barra seacláide, a chur i gcomparáid leis an bhfad ama a thógann sé ar an gcorp an fuinneamh sin a úsáid, ag brath ar an ngníomhaíocht, m.sh. an t-am a chaithfear ag siúl, ag snámh, srl. | 1.2.3 Riachtanais bhia agus chothaithe<br>1.2.4 Réim bia na hÉireann |
| | Díleá agus ionsú<br>• hidrealú carbaihiodráítí, seichimh dhíleá, sásra ionsú, achoimre ar an úsáid a bhaintear as glúcós | | 1.2.3 Riachtanais bhia agus chothaithe<br>• diaibéiteas |

| 1. STAIDÉAR BIA (45%) | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| **1.1.4 Lipidí** | Aicmiú aigéad sailleach<br>• sáithithe, monai-neamhsháithithe, polai-neamhsháithithe<br>• aigéid shailleacha riachtanacha<br>• aigéid shailleacha chiseacha agus thrasacha | | 1.2.3 Riachtanais chothaithe<br>• galar corónach croí |
| | Comhdhéanamh agus struchtúr lipidí<br>• struchtúr aigéad sailleach sáithithe, monai-neamhsháithithe, polai-neamhsháithithe<br>• comhdhéanamh ceimiceach agus struchtúr móilíneach tríghlicíde | | 1.1.4 Díleá agus ionsú |
| | Aicmiú lipidí<br>• aicmiú lipidí de réir a bhfoinse agus de réir chion na n-aigéad sailleach sáithithe, monai-neamhsháithithe agus polai-neamhsháithithe iontu | | |
| | Foinsí<br>• foinsí ainmhí, muirí agus glasraí<br>• dáileadh aigéad sailleach sáithithe, monai-neamhsháithithe agus polai-neamhsháithithe i mbia | Póstaer a tháirgeadh chun foinsí a léiriú. | 1.3.2 Earraí bia |
| | Airíonna<br>• leáphointí, toitphointí agus splancphointí lipidí<br>• foirmíocht eibleachtaí, ina n-áireofaí aithint agus feidhm cobhsaitheoirí agus gníomhairí eiblithe<br>• plaisteachas, bréine agus hidriginiú<br>• aithint agus feidhmeanna frithocsaídeoirí | Comparáid a dhéanamh idir leáphointe, toitphointe agus splancphointe roinnt saillte agus olaí a úsáidtear go coitianta.<br><br>Maonáis nó blastáin eile a dhéanamh chun foirmíocht eibleachtaí a thaispeáint. | 1.3.6 Breiseáin bhia<br>1.3.2 Stóráil bianna ina bhfaightear lipidí. Saillte agus olaí a úsáid i gcócaireacht<br>1.3.6 Breiseáin bhia |

| 1. STAIDÉAR BIA (45%) | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| | Feidhmeanna<br>• feidhmeanna bitheolaíocha lipidí sa réim bia<br><br>Luach fuinnimh<br>• cion do luach iomlán fuinnimh gnáthréim bia<br><br>Díleá agus ionsú<br>• hidrealú lipidí, seichimh dhíleá, sásra ionsú, achoimre ar an úsáid a bhaintear as tríghlicídí | | 1.2.1 Riachtanais fhuinnimh<br>1.2.3 Riachtanais bhia agus chothaithe |
| **1.1.5 Vitimíní** | Foinsí, feidhmeanna, iarmhairtí uireasa, ciondálacha cothaithe molta (CCManna), airíonna na vitimíní sailltuaslagtha A (reiteanól agus béite-charaitéin), D (colacailciféaról), E (tócaifearóil), K (naftacuineoin), agus na vitimíní uiscethuaslagtha C (aigéad ascorbach), B12 (cóbalaimín) agus fóláit<br><br>Foinsí, feidhmeanna, iarmhairtí uireasa agus airíonna na vitimíní coimpléascacha B eile, mar ghrúpa, ina n-áireofaí B1 (tiaimín), B2 (ribeaflaivin), niaicin, agus B6 (pireadocsaín) | Measúnacht a dhéanamh ar bhianna úra agus próiseáilte mar sholáthraithe vitimíní agus mianraí, ag baint úsáid as faisnéis atá ar fáil ar lipéid bhia agus ar thábláí comhdhéanta bia. | 1.2.3 Riachtanais bhia agus chothaithe<br>1.2.4 Réim bia na hÉireann<br>1.3.2 Earraí bia<br>• glasraí<br>1.3.4 Ullmhúchán bia<br>1.3.5 Próiseáil bia<br>1.3.6 Breiseáin bhia<br>• frithocsaídeoirí |
| **1.1.6 Eilimintí mianracha** | Na móreilimintí mianracha a aithint agus na heilimintí mianracha mianracha atá riachtanach sa réim bia a rianadh<br><br>Foinsí, feidhmeanna, iarmhairtí uireasa agus ciondálacha cothaithe molta (CCManna) de chailciam, iarann, sinc, iaidín, potaisiam agus sóidiam | | 1.2.3 Riachtanais bhia agus chothaithe<br>1.2.4 Réim bia na hÉireann<br>1.3.6 Breiseáin bhia<br>• breiseáin chothaithe |

| 1. STAIDÉAR BIA (45%) | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| | Cúinsí a théann i gcion ar ionsú eilimintí mianracha sa chorp, ina n-áireofaí:<br>• ról vitimíní chun cabhrú le cailciam agus iarann a ionsú<br>• foinsí iarainn, .i. iarann haem agus neamh-haem<br>• iarmhairtí fíteáití agus ocsaláití ar ionsú cailciam | | 1.1.3 Carbaihiodráítí<br>1.1.5 Vitimíní<br>1.2.3 Sainriachtanais chothaithe<br>• veigeán<br>1.3.2 Earraí bia |
| **1.1.7 Uisce** | Airíonna ginearálta<br>Tábhacht bhitheolaíoch | | |
| **1.2 Réim bia agus sláinte** | | | |
| **1.2.1 Fuinneamh** | Cúinsí a chinneann riachtanais fhuinnimh | Úsáid a bhaint as cás-staidéir chun cothromaíocht fuinnimh a mheas. | |
| | Ról an fhuinnimh sa chorp:<br>• bunráta meitibileach<br>• fás<br>• gníomhaíocht fhisiceach | Oibríonn na daltaí i ngrúpaí nó ina n-aonar ar chás-staidéir a thugann sonraí faoi chineál saoil agus réim bia agus déanann moltaí ar an gcaoi ar féidir iontógáil agus caitheamh fuinnimh a athrú chun cothromaíocht fuinnimh shásúil a bhaint amach. | 1.2.3 Riachtanais bhia agus chothaithe<br>1.3.3 Bainisteoireacht agus pleanáil béilí |
| | An tábhacht le hiontógáil agus aschur fuinnimh a chothromú | Sraith cás-staidéar a chuireann i láthair na sainriachtanais chothaithe pearsa aonair nó grúpaí. Déanann daltaí moltaí. Déanann nó pleanálann daltaí biachláir do na pearsana aonair nó na grúpaí a thugtar dóibh. | 1.1.2 Luach fuinnimh próitéin<br>1.1.3 Luach fuinnimh carbaihiodráítí<br>1.1.4 Luach fuinnimh lipidí |
| **1.2.2 Treoirlínte cothaithe** | Treoirlínte cothaithe:<br>• an chaoi agus an fáth a bhfoirmítear iad<br>• úsáid a bhaint as ciondálacha cothaithe molta (CCManna)<br>• úsáid a bhaint as táblaí comhdhéanta bia | Is féidir úsáid leathan a bhaint as táblaí comhdhéanta bia, treoirlínte cothaithe agus cláir ríomhaire chun tacú leis an roinn seo. | 1.2.4 Réim bia na hÉireann<br>1.3.3 Bainisteoireacht agus pleanáil béilí |

| 1. STAIDÉAR BIA (45%) | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| **1.2.3 Riachtanais bhia agus chothaithe** | Cúinsí a théann i gcion ar riachtanais bhia agus chothaithe, ina n-áirítear aois, cineál, stádas sláinte, toircheas agus gníomhaíocht | Cás-staidéir a threisíonn na teorainneacha ar theaghlaigh le hioncaim íseal agus biachláir theaghlaigh á bpleanáil. | |
| | Idirghaolmhaireacht uireasaí agus barraíochtaí cothaithe agus le fadhbanna a bhaineann leo, ina n-áireofaí:<br>• galar putóige, oistéapóróis, raimhre, galar corónach croí, diaibéiteas, cáiréas fiacla | | 1.1.3 Polaishiúicrídí neamhstáirse<br>1.1.3 Feidhmeanna bitheolaíocha siúcraí agus stáirsí<br>1.1.4 Lipidí<br>1.1.5 Vitimíní<br>1.1.6 Eilimintí mianracha<br>1.2.1 Fuinneamh |
| | Sainriachtanais chothaithe na réimeanna bia athraithe seo a leanas:<br>• galar corónach croí, lachtfheoilséantóra, veigeánach, céiliach, diaibéiteach | | 1.1.2 Comhlánú próitéin |
| **1.2.4 Réim bia na hÉireann** | Athruithe i mbia agus i bpatrúin itheacháin i réim bia na hÉireann ó thús an fhichiú haois | Comparáid a dhéanamh idir biachlár gnáthlae ó thús an fhichiú haois agus biachlár gnáthlae ón lá atá inniu ann, le tagairt do threoirlínte cothaithe comhaimseartha. | 1.1.1 Roghanna bia<br>3.1.3 Athruithe sóisialta, eacnamaíocha agus teicneolaíochta a théann i gcion ar struchtúir teaghlaigh chomhaimseartha |
| | Comparáid idir réim bia na hÉireann agus treoirlínte cothaithe comhaimseartha | | 1.2.2 Teoirlínte cothaithe |
| | Gnéithe de mhíchothú atá aitheanta faoi láthair, ina n-áireofaí:<br>• snáithín ísealchothaithe, saill ardsáithithe, iontógálacha iarainn agus cailciam réasúnta íseal, tagairt do chúiseanna, iarmhairtí agus bearta ceartaitheacha | Aoichainteoir ag labhairt faoi fhianaise naisc idir réim bia agus galar (m.sh. Cumann Ailse na hÉireann, Foras Croí na hÉireann, bia-eolaí, an tAonad um Chothú Sláinte, srl.). | 1.1.3 Spriocanna cothaithe do pholaishiúicrídí neamhstáirse<br>1.1.5 Vitimíní<br>1.1.6 Eilimintí mianracha |

| 1. STAIDÉAR BIA (45%) | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| **1.3 Ullmhú agus próiseáil bia** | | | |
| **1.3.1 Tionscal bia na hÉireann** | Achoimre gairid ar struchtúr thionscal bia na hÉireann, ina n-áireofaí na hearnálacha éagsúla agus na mór-allmhairí agus onnmhairí a aithint<br><br>Ról comhlachtaí beaga agus fiontar baile laistigh den tionscal bia<br><br>Eolas achomair ar dheiseanna gairme sa tionscal bia agus i dtionscail ghaolmhara | Eolas a thiomsú ar mhonarcha áitiúil, ar chomhlacht áitiúil nó ar fhiontar baile, agus a mheas conas a thoilleann an comhlacht i struchtúr an tionscail, conas a chuireann sé leis an gceantar, agus cad iad na deiseanna gairme a chuireann sé ar fáil. | |
| **1.3.2 Earraí bia** | Tábhacht chothaitheach, cion don réim bia, roghnú, iarmhairtí stórála, ullmhaithe, cócarála agus próiseála na bpríomhearraí bia atá ar fáil don tomhaltóir, ina n-áireofaí:<br>• bainne agus táirgí déiríochta<br>• feoil, iasc, uibheacha agus ábhair ionadacha<br>• glasraí agus torthaí<br>• gránaigh<br>• saillte agus olaí | Scrúdú a dhéanamh ar iarmhairt na próiseála ar luach cothaitheach an bhia, m.sh. bainne →im, bainne → cáis.<br><br>Úsáid a bhaint as samplaí de na hearraí bia éagsúla chun a ngnéithe céadfacha a mheas agus a thuairisciú. | 1.1.2 Airíonna próitéin<br>1.1.3 Airíonna carbaihiodráití<br>• siúcra agus stáirse<br>1.1.4 Airíonna lipidí<br>1.1.5 Airíonna vitimíní<br>1.1.6 Airíonna eilimintí mianracha<br>1.3.4 Ullmhúchán bia agus próisis chócaireachta |
| **1.3.3 Bainisteoireacht agus pleanáil béilí** | Bainisteoireacht agus pleanáil béilí le tagairt do:<br>• treoirlínte cothaithe<br>• riachtanais chothaithe tríd an saolré<br>• riachtanais chothaithe sonraithe i 1.2.3 agus 1.2.4<br>• acmhainní atá ar fáil, .i. eolas agus scileanna, am, airgead, trealamh, rogha bianna | | 1.1.1 Roghanna bia<br>1.2.2 Treoirlínte cothaithe<br>1.2.4 Réim bia na hÉireann<br>2.1.2 Cúinsí a théann i gcion ar bhainistoireacht acmhainní teaghlaigh<br>2.1.3 Bainisteoireacht acmhainní airgeadais teaghlaigh<br>2.1.5 Teicneolaíocht teaghlaigh |

| 1. STAIDÉAR BIA (45%) | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| **1.3.4 Ullmhúchán bia agus próisis chócaireachta** | Athruithe fisiceacha agus ceimiceacha a tharlaíonn i mbia le linn é a ullmhú agus a chócaráil, ina n-áireofaí:<br>• donnú einsímeach, donnú neamh-einsímeach, caillteanas cothaitheach | Imscrúdú chun rialú ar dhonnú einsímeach i mbia a mheas, m.sh. ar úll úr. | |
| | Prionsabail atá mar bhunús le bia a chócaráil agus feidhmiú ceart na bprionsabal sin leis na hearraí bia liostaithe i 1.3.2 | | 1.1.2 Airíonna próitéin<br>1.1.3 Airíonna carbaihiodráití<br>1.1.4 Airíonna lipidí<br>1.1.5 Airíonna vitimíní<br>1.1.6 Airíonna eilimintí mianracha<br>1.3.2 Earraí bia |
| | Anraithí, anlann agus dhá chineál taosráin a aicmiú, a ullmhú, a chócaráil, agus a chur i láthair | | |
| | Modhanna oiriúnacha cócaireachta a roghnú agus a fheidhmiú chun cothaithigh a chur i gcomparáid le chéile agus chun dea-bhlastacht bia a fheabhsú | | |
| | Trealamh ullmhaithe bia agus cócaireachta a roghnú agus a úsáid go sábháilte agus aire a thabhairt dó | | 1.2.2 Treoirlínte cothaithe<br>1.3.3 Pleanáil béilí<br>2.1.5 Teicneolaíocht teaghlaigh |
| | Cothromaíocht agus oiriúnú oideas | | |
| | Feasacht aeistéitiúil i roghnú, ullmhú agus cur i láthair bia | | |
| | Ullmhú agus cur i láthair rogha mias agus béilí atá oiriúnach do phearsana aonair, do theaghlaigh agus do roinnt réimeanna bia athraithe (mar a liostaítear i 1.2.3 agus 1.2.4) | | 1.3.10 Sábháilteacht agus sláinteachas bia<br>3.1.6 Ceisteanna maidir le inscne i rólanna sa teaghlach |
| | Measúnacht léirmheastach ar mhiasa nó bhéilí ullmhaithe agus cócaráilte agus measúnachtaí comparáide a dhéanamh ar tháirgí nó bhéilí tráchtála nó déanta ag baile, anailís chéadfach | | 1.3.5 Próiseáil bia<br>1.3.6 Breiseáin bhia<br>2.2.1 Roghanna tomhaltóra |

| 1. STAIDÉAR BIA (45%) | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| **1.3.5 Próiseáil agus pacáistiú bia** | An raon bianna próiseáilte atá ar fáil a aithint | | 1.3.1 Tionscal bia na hÉireann<br>1.3.2 Earraí bia |
| | Próifílí trí chineál bia phróiseailte:<br>• bia a ghabhann trí chuid mhaith próiseála, m.sh. plúr<br>• bia a phróiseáiltear chun fad a chur lena shaol ar an tseilf, m.sh. bainne<br>• bia luacha bhreise, m.sh. bianna nó béilí réamhdhéanta | Cuairt a thabhairt ar mhonarcha áitiúil nó ar mhonarcha phróiseála, m.sh. uachtarlann, muileann, monarcha phróiseáil cáise. | 1.1.1 Roghanna bia<br>1.2.4 Réim bia na hÉireann<br>1.3.2 Earraí bia |
| | Pacáistiú agus ábhair úsáidte, ina n-áireofaí<br>• measúnacht ar a n-oiriúnacht agus ar a dtionchar ar an timpeallacht<br>• measúnacht ar lipéadú bia mar fhoinse faisnéise do thomhaltóirí | | 2.2.2 Freagracht tomhaltóra |
| | Ábhair shalaithe a d'fhéadfadh dul isteach sa slabhra bia ag céimeanna éagsúla den phróiseáil, m.sh. antaibheathaigh, ceimiceáin | | 2.2.1 Roghanna tomhaltóra<br>1.3.10 Sábháilteacht agus sláinteachas bia |
| **1.3.6 Breiseáin bhia** | Aicmiúchán, bunús agus feidhmeanna breiseán bia agus samplaí díobh, ina n-áireofaí:<br>• dathuithe, blastáin, milsitheoirí, leasaithigh, forlíonta cothaitheach, agus a oibreáin riochtaithe fisiceacha | Scrúdú ar lipéid bhia chun a fháil amach cé na breiseáin a úsáidtear agus chun cúiseanna lena n-úsáid a mholadh. | 1.1.1 Roghanna bia<br>1.1.4 Lipidí<br>Airíonna<br>• foirmiú eibleachtaí agus an úsáid a bhaintear as cobhsaitheoirí agus gníomhairí eiblithe |
| | Achoimre ar an rialú dlíthiúil ar an úsáid a bhaintear as leasaithigh, dathanna, eiblitheoirí agus antocsaídigh i mbia san Aontas Eorpach, ina n-áireofaí an úsáid a bhaintear as uimhreacha E | | 1.1.5 Vitimíní C agus E<br>1.3.5 Próiseáil agus pacáistiú bia<br>1.3.8 Milleadh bia<br>1.3.9 Cur i láthair<br>1.3.10 Sábháilteacht agus sláinteachas bia<br>2.2.3 Cosaint tomhaltóra |

## 1. STAIDÉAR BIA (45%)

| Topaic | Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo | Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa | Naisc le codanna eile den siollabas |
|---|---|---|---|
| **1.3.7 Reachtaíocht bia** | Achoimre ghairid ar an gcosaint a sholáthraíonn reachtaíocht bia náisiúnta agus Eorpach don tomhaltóir, ina n-áireofaí:<br>• na Rialacháin Sláinteachais Bhia (1950-1989)<br>• Rialacháin Lipéadaithe (1982 agus 1991)<br>• na hAchtanna um Dhíol Bia agus Drugaí (1875, 1879, 1899, 1936)<br>• na Rialacháin Sláinte (Rialú Oifigiúil Ábhair Bhia) (1991) | D'fhéadfadh daltaí faisnéis ar phíosa reachtaíochta a aimsiú agus, trína dtorthaí a rannpháirtiú, comhad a fhorbairt. | 1.3.4 Ullmhúchán bia agus próisis chócaireachta<br><br>1.3.2 Earraí bia<br>1.3.6 Breiseáin bhia |
| **1.3.8 Milleadh bia** | Miocrorgánaigh atá ina gcúis le milleadh bia agus galair bhia-iompartha, ina n-áireofaí:<br>• múscáin, giostaí agus trí thréithchineál choitianta de bhaictéir nimhithe bia, le tagairt do ghnáthóg, foinsí, chúinsí timpeallachta a théann i gcion ar fhás, bianna ardphriacail, tréimhse ghoir, nimhiú tocsaineach agus ionfhabhtaíoch ó bhia, agus siomtóim | Úsáid a bhaint as tuairiscí na meán ar shainchásanna nimhithe ó bhia. Aithníonn na daltaí na cúinsí a d'fhéadfadh cur leis an gcás ar leith. | 1.3.2 Earraí bia<br><br>1.3.4 Ullmhúchán bia agus prionsabail chócaireachta<br>1.3.9 Caomhnú |
| | Ról miocrorgánaigh i milleadh bia | | 1.3.10 Sábháilteacht agus sláinteachas bia |
| | Prionsabail atá mar bhunús le milleadh miocróbach bia | | 1.3.2 Earraí bia: bainne agus táirgí déiríochta |
| | Eolas achomair ar úsáidí miocrorgánaigh i dtáirgeadh bia | | |
| | Ról einsímí i milleadh bia, ina n-áireofaí na prionsabail atá mar bhunús le milleadh einsímeach bia a rialú | | 1.1.2 Próitéin |

## 1. STAIDÉAR BIA (45%)

| Topaic | Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo | Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa | Naisc le codanna eile den siollabas |
|---|---|---|---|
| **1.3.9 Caomhnú** | Prionsabail agus modhanna caomhnaithe bia, ina n-áireofaí:<br>• reo, teasphróiseáil, díhiodráitiú, caomhnú le ceimiceáin, coipeadh agus ionradaíocht | | 1.1.2 Airíonna próitéin<br>• dínádúrú |
| | Measúnacht chomparáide ar bhianna atá caomhnaithe ag modhanna difriúla | | 1.1.3 Airíonna carbaihiodráití<br>1.3.5 Próiseáil bia<br>1.3.8 Milleadh bia<br>2.2.1 Roghanna tomhaltóra |
| | Feidhmiú praiticiúil dhá mhodh caomhnaithe | | |
| **1.3.10 Sábháilteacht agus sláinteachas bia** | Ullmhú slán bia, ina n-áireofaí:<br>• stóráil bia, nósanna imeachta atéite, sláinteachas pearsanta agus sláinteachas cistine<br>• anailís guaise in oibríochtaí próiseála bia (HACCP), ISO 9000 | | 1.3 Ullmhú agus próiseáil bia<br>1.3.7 Reachtaíocht bia |
| | Achoimre ghairid ar ról gníomhaireachtaí náisiúnta i sábháilteacht bia, ina n-áireofaí:<br>• an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe<br>• an Roinn Sláinte agus Leanaí<br>• Saotharlann an Anailísí Phoiblí<br>• Boird Sláinte Réigiúnacha<br>• an tÚdarás Sábháilteacht Bhia<br>• an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóra (Reachtaíocht Sábháilteachta Bia) | Tionsaíonn na daltaí faisnéis ar ghníomhaíochtaí náisiúnta atá páirteach i sábháilteacht bhia agus forbraíonn siad comhad orthu. | |

# CLÁR STAIDÉIR
# CROÍ-ÁBHAR

(Baineann an téacs dubh leis an Ardleibhéal amháin.)

## 2. BAINISTEOIREACHT ACMHAINNÍ AGUS STAIDÉAR TOMHALTÓRA 25%

| Topaic | Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo | Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa | Naisc le codanna eile den siollabas |
|---|---|---|---|
| **2.1 Bainisteoireacht acmhainní teaghlaigh** | Cuspóir na bainisteoireachta acmhainní Córais bhainisteoireachta An teaghlach mar aonad bainisteoireachta | | |
| **2.1.1 Comhpháirteanna bainisteoireachta** | Ionchur:<br>• acmhainní daonna agus ábhar, riachtanais, teastálacha, spriocanna<br>Tríchur:<br>• pleanáil, eagrú, cur chun feidhme<br>Aschur:<br>• spriocanna bainte amach, athruithe i luachanna, spriocanna agus caighdeáin, sásamh, measúnacht agus úsáid éifeachtach aiseolais | Úsáid a bhaint as cás-staidéar chun gnáthaimh a phleanáil maidir leis an iliomad dáltaí oiriúnach do phatrúin nua-aimseartha maireachtála, ina n-áirítear saincheisteanna i dtaca le páirtiú in obair, freagracht as tascanna teaghlaigh, tiomnú agus cothroime idir an dá chineál inscne. | 1.3 Ullmhú agus próiseáil bia<br>3.1.4 Feidhmeanna teaghlaigh<br>3.1.6 An teaghlach mar aonad comhbhách<br>• rólanna agus freagrachtaí, saincheisteanna an dá chineál inscne |
| | Cinnteoireacht agus cumarsáid | Úsáid a bhaint as seicliostaí chun gnáthaimh nó sceidil oibre a phleanáil agus a chur chun feidhme. | |
| **2.1.2 Cáilíochtaí a théann i gcion ar bhainisteoireacht** | Cúinsí a théann i gcion ar bhainisteoireacht, ina n-áireofaí:<br>• céimeanna i saolré, patrún fostaíochta, cultúr, luachanna, caighdeáin, rólanna inscne, bainisteoireacht an ról déach, cineál saoil mar a chinntear ag stádas socheanamaíoch agus comhdhéanamh teaghlaigh | | 1.1.1 Roghanna bia<br>1.3.3 Bainisteoireacht agus pleanáil béilí<br>3.1.3 Struchtúir teaghlaigh<br>3.1.6 An teaghlach mar aonad comhbhách |

| 2. BAINISTEOIREACHT ACMHAINNÍ AGUS STAIDÉAR TOMHALTÓRA 25% | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| **2.1.3 Bainisteoireacht acmhainní airgeadais teaghlaigh** | An teaghlach mar aonad airgeadais laistigh den gheilleagar | | 3.1.4 Feidhmeanna teaghlaigh |
| | Ioncam teaghlaigh i dtaca le cúinsí sóisialta:<br>• aois, gnéas, aicme shóisialta agus cultúr | | |
| | Pá, tuarastail, pinsin, liúntais agus sochair leasa shóisialta mar fhoinsí iarbhír nó féideartha ioncaim teaghlaigh | | 2.2.1 Roghanna tomhaltóra |
| | Caiteachas teaghlaigh:<br>• patrúin chaiteachais teaghlaigh gaolmhar le leibhéil éagsúla ioncaim teaghlaigh<br>• patrúin chaiteachais riachtanaigh agus roghnaigh | Cás-stáidéir ar bhuiséid teaghlaigh shamplacha do theaghlaigh a mhaireann ar ioncaim éagsúla. | 3.1.4 Feidhmeanna teaghlaigh |
| | Pleanáil buiséad pearsanta agus teaghlaigh chun bainisteoireacht éifeachtach acmhainní airgeadais, ina n-áirítear creidmheas, a chinntiú | Imscrúdú ar chineálacha difriúla creidmheasa atá ar fáil, ó fhógráin nuachtáin, bróisiúir, catalóga postdíola, ábhar chur chun cinn cártaí creidmheasa, srl. | 1.3.3 Bainisteoireacht agus pleanáil béilí<br>• acmhainní atá ar fáil |
| | Airgeadas do thithe: cúinsí a chinneann riachtanais, foinsí agus coinníollacha a ghabhann leis, cosaint morgáiste | Imscrúdú ar na cineálacha difriúla maoinithe tí atá ar fáil, costais agus coinníollacha a chur i gcomparáid. | 3.1.7 An tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh (1976)<br>• uacht a dhéanamh |
| | Modhanna íocaíochta (airgead tirim nó creidmheas) le haghaidh seirbhísí agus earraí tí, ina n-áireofaí:<br>• critéir don roghnú, infhaighteacht | Comparáidí idir duaiseanna airgid thirim agus cineálacha difriúla creidmheasa. | |
| | Achoimre gairid ar an gcosaint a sholáthraíonn reachtaíocht don tomhaltóir, ina n-áireofaí:<br>• na hAchtanna Fruilcheannaigh (1946 agus 1960)<br>• an tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí (1995) | | |
| | Modhanna sábhála | | |
| | Árachas, ina n-áireofaí:<br>• árachas sóisialta pá-choibhneasa, árachas sláinte, árachas tí, árachas saoil | | |

## 2. BAINISTEOIREACHT ACMHAINNÍ AGUS STAIDÉAR TOMHALTÓRA 25%

| Topaic | Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo | Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa | Naisc le codanna eile den siollabas |
|---|---|---|---|
| **2.1.4 Tithíocht** | Cúinsí a chinneann ar roghanna tithíochta pearsa aonair agus teaghlaigh, ina n-áireofaí:<br>• cúinsí socheacnamaíocha, polasaí tithíochta náisiúnta, treochtaí i bhforbairt tithe, infhaighteacht | | 2.1.2 Cáilíochtaí a théann i gcion ar bhainisteoireacht<br>3.1.3 Struchtúir teaghlaigh<br>3.1.4 Feidhmeanna teaghlaigh |
| **2.1.5 Teicneolaíocht teaghlaigh** | Forbairtí teicneolaíochta ar fáil don teaghlach agus an chaoi a gcuireann siad le bainisteoireacht an tí | | 1.3.4 Trealamh ullmhaithe bia |
| | Breithnithe tomhaltóra agus fearas teaghlaigh mór agus beag á roghnú, ina n-áireofaí:<br>• critéir roghnaithe, faisnéis do thomhaltóirí a fháil, dearadh, éifeachtacht | Déanann na daltaí staidéar aonair ar fhearas amháin mór agus fearas amháin beag tí. | 2.2.1 Roghanna tomhaltóra<br>2.2.2 Freagracht tomhaltóra<br>2.2.3 Cosaint tomhaltóra |
| | Bunphrionsabail oibre agus treoirlínte chun iad seo a leanas a úsáid:<br>• fearas le mótar<br>• fearas le trealamh téite<br>• fearas cuisnithe<br>• oigheann micreathoinne | | 1.3.4 Ullmhúchán bia agus próisis chócaireachta<br>1.3.10 Sábháilteacht agus sláinteachas bia |
| **2.1.6 Teicstílí** | Úsáid teicstílí mar acmhainn le haghaidh éadaí agus teaghlaigh | | 2.1.3 Bainisteoireacht acmhainní airgeadais teaghlaigh<br>2.2.1 Roghanna tomhaltóra |
| | Critéir roghnaithe:<br>• oiriúnacht le haghaidh cuspóra agus le húsáid cinnte ag airíonna fabraice, costas, rogha phearsanta, taitneamh aeistéitiúil | | |
| | Cúram teicstílí:<br>• bunphrionsabail eolaíocha maidir le haire a thabhairt d'fhabraicí, ag cuimhneamh ar a n-airíonna ginearálta | Tástálacha eolaíocha simplí chun comparáid a dhéanamh idir crapadh, uisce-éarthacht agus roc-cheartú an iliomad fabraicí. | |
| | Breithnithe sábháilteachta sa roghnú teicstílí teaghlaigh | | |

| 2. BAINISTEOIREACHT ACMHAINNÍ AGUS STAIDÉAR TOMHALTÓRA 25% | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| | Aithint agus iarmhairtí bailchríche tinemhoillithí amháin<br><br>An tOrdú Taighde Tionscail agus Caighdeán (Sábháilteacht Dóiteáin) (Troscán Tís) (1988):<br>• aithint agus cuspóir an ordaithe agus na lipéad sonraithe | | |
| **2.2 Staidéar Tomhaltóra** | | | |
| **2.2.1 Roghanna tomhaltóra** | Cúinsí a théann i gcion ar chinnteoireacht tomhaltóirí, le saintagairt d'ioncam teaghlaigh athraitheach, díoltóireacht agus fógraíocht, pacáistiú agus lipéadú<br><br>An próiseas ceannaigh, ina n-áireofaí:<br>• aicmiú asraonta miondíola, síceolaíocht miondíola, patrúin siopadóireachta, taighde ar thomhaltóirí | Imscrúdú ar chuid de na teicníochtaí díoltóireachta agus córais siopadóireachta seo a leanas:<br><br>• fógraíocht, pacáistiú, ceannach postdíola, córais "íoc go furasta", ceannach teilifíseáin, scéimeanna dílseachta ceannaitheora, tairiscintí lascaine | 1.3.2 Roghnú earraí bia éagsúla<br>1.3.5 Próiseáil agus pacáistiú bia<br>2.1.3 Acmhainní airgeadais teaghlaigh<br>2.1.5 Teicneolaíocht teaghlaigh |
| **2.2.2 Freagracht tomhaltóra** | Freagracht an tomhaltóra i gcinnteoireacht eolach, i dtaca le:<br>• faisnéis agus cearta tomhaltóra<br>• bainisteoireacht na timpeallachta, ina n-áireofaí acmhainní inathnuaite agus neamh-inathnuaite a úsáid, athchúrsáil, truailliú | Roinntear na daltaí ina ngrúpaí beaga. Déanann gach grúpa staidéar ar ghníomhaíocht ar leith sa bhaile, m.sh. an teach a théamh, éadaí a ní, ídiú bia, le tagairt do na hiarmhairtí féideartha ar an timpeallacht agus moltaí le haghaidh bealaí ina bhféadfaí iarmhairtí dochracha a chealú | 1.3.2 Earraí bia<br>1.3.5 Próiseáil agus pacáistiú bia<br>2.1.5 Teicneolaíocht teaghlaigh<br>2.1.6 Teicstílí<br>3.1.6 An teaghlach mar aonad comhbhách |
| **2.2.3 Cosaint tomhaltóra** | Cearta an tomhaltóra mar a shainmhínítear reachtaíocht reatha iad, ina n-áireofaí:<br>• an tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí (1980)<br>• an tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (1978)<br><br>Comhlachtaí deonacha agus reachtúla a dhéileálann le cosaint tomhaltóra<br><br>Nósanna imeachta le leanúint nuair a bhíonn fadhb ann le táirge nó seirbhís, ina n-áireofaí feidhm agus oibriú an nós imeachta a bhaineanna le héilimh bheaga | | 1.3.2 Earraí bia<br>1.3.5 Próiseáil agus pacáistiú bia<br>2.1.5 Teicneolaíocht teaghlaigh<br>2.1.6 Teicstílí |

# CLÁR CROÍ-ÁBHAIR

(Baineann an téacs dubh leis an Ardleibhéal amháin.)

| 3. STAIDÉAR SÓISIALTA 10%) | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| **3.1 An teaghlach sa tsochaí** | | | |
| **3.1.1 Coincheapa socheolaíocha a thabhairt isteach** | Coincheapa socheolaíocha, ina n-áireofaí:<br>• sochaí, cultúr, noirm agus *mores,* luachanna<br>• ról, stádas, grúpaí socheacnamaíocha, soghluaisteacht shóisialta<br>• grúpaí sóisialta príomhúla agus tánaisteacha, gaol, sóisialú<br>• institiúidí sóisialta<br>• athrú sóisialta | | Ba chóir na coincheapa sin a chomhtháthú tríd an roinn seo ar fad, nuair is cuí. |
| **3.1.2 An teaghlach a shainmhíniú** | Uilíocht choincheap an teaghlaigh<br>Sainmhíniúcháin ar "an teaghlach" | Cás-staidéir ar shuímh teaghlaigh i sochaithe eile, m.sh. sleachta ó litríocht, samplaí ó scannáin.<br>Grúpchaibidlí ar chineálacha éagsúla teaghlaigh. Gach grúpa le sainmhíniú ar "an teaghlach" a thabhairt agus breithiniú a dhéanamh ar an éagsúlacht i sainmhíniúcháin. | |
| **3.1.3 Struchtúir teaghlaigh** | Forbairt stairiúil ar an teaghlach in Éirinn ó thús an fhichiú haois go dtí an lá atá inniu ann<br><br>Saintréithe struchtúr teaghlaigh chomhaimseartha, ina n-áireofaí:<br>• teaghlaigh le tuismitheoir amháin, teaghlaigh, teaghlaigh shínte agus teaghlaigh chumaiscthe (.i. nuair atá páistí ag duine de na tuismitheoirí nó acu araon ó chaidreamh roimhe)<br><br>Athruithe sóisialta, eacnamaíocha agus teicneolaíochta a théann i gcion ar struchtúir teaghlaigh chomhaimseartha | Comparáid a dhéanamh idir teaghlaigh na hÉireann agus teaghlaigh i dtíortha Eorpacha eile de réir struchtúr teaghlaigh, méid teaghlaigh, rólanna teaghlaigh, srl. | 2.1.3 Bainisteoireacht acmhainní airgeadais teaghlaigh maidir le struchtúir teaghlaigh dhifriúla<br>2.1.5 Teicneolaíocht teaghlaigh |

| 3. STAIDÉAR SÓISIALTA (10%) | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| **3.1.4 Feidhmeanna teaghlaigh** | Feidhmeanna teaghlaigh:<br>• fisiceach, eacnamaíoch, mothúchánach, oideachasúil agus sóisialta | Seisiún tobsmaointeoireachta: na feidhmeanna go léir a chomhlíonann an teaghlach. Aicmítear na feidhmeanna sin i gcúig earnáil dhifriúla. | 1.2.3 Riachtanais bhia agus chothaithe<br>2.1 Bainisteoireacht acmhainní teaghlaigh<br>2.1.3 Bainisteoireacht acmhainní airgeadais teaghlaigh<br>2.1.4 Tithíocht |
| | An chaoi ar féidir le hinstitiúidí sóisialta eile na feidhmeanna teaghlaigh sin a ghlacadh nó a fhorlíonadh | | |
| **3.1.5 Pósadh** | Sainmhíniú ar phósadh | | |
| | Eolas achomair ar roinnt athruithe cultúrtha i socruithe pósta, tiomantas, nósanna, oibleagáid dlí, cearta agus freagrachtaí laistigh de ghaol an phósta | Úsáid a bhaint as cás-staidéir, grianghraif, sleachta ó na meáin nó ó litríocht chun cuid de na hathruithe cultúir i socruithe pósta a léiriú. | 3.1.3 Struchtúir teaghlaigh<br>3.1.4 Feidhmeanna teaghlaigh |
| | Saoráidí agus seirbhísí ar fáil dóibh sin atá ag ullmhú don phósadh | | |
| | Roghanna ar fáil nuair a chliseann ar phósadh, ina n-áireofaí:<br>• comhairleoireacht pósta<br>• idirghabháil teaghlaigh<br>• scaradh dlíthiúil<br>• neamhniú dlíthiúil<br>• colscaradh | | 3.1.7 Dlí teaghlaigh |
| **3.1.6 An teaghlach mar aonad comhbhách** | Rólanna agus freagrachtaí ball teaghlaigh agus an chaoi a n-athraíonn na rólanna sin trí shaolré an teaghlaigh | Plé i ngrúpaí, ag baint úsáid as cás-staidéir mar spreagthaigh. | 2.1 Bainisteoireacht acmhainní teaghlaigh |
| | Saincheisteanna maidir le rólanna teaghlaigh ó thaobh na mban/na bhfear de. | Cás-staidéir nó agallaimh le baill níos sine den phobal chun a thaispeáint cé na hathruithe atá tagtha ar rólanna teaghlaigh le leathchéad nó céad bliain anuas. | 1.3.3 Bainisteoireacht agus pleanáil béilí |
| | Cúinsí sóisialta agus eacnamaíocha atá tar éis dul i gcion ar rólanna athraitheacha ball teaghlaigh le blianta beaga anuas<br>Coimhlint maidir le rólanna | | |

| 3. STAIDÉAR SÓISIALTA (10%) | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| | Caidreamh páistí le tuismitheoirí, ina n-áireofaí:<br>• riachtanais fhisiceacha agus shíceolaíocha páistí óga agus ógánaigh agus an chaoi ar féidir leis an teaghlach freastal ar na riachtanais sin<br>• cearta páistí laistigh den teaghlach<br>• coimhlint idir ógánaigh agus daoine fásta agus an chaoi ar féidir déileáil léi | | 2.1.1 Cinnteoireacht agus cumarsáid<br>3.1.7 An tAcht um Chúram Leanaí (1991) |
| | • an tábhacht atá le cumarsáid mhaith laistigh den teaghlach | Úsáid a bhaint as rólghlacadh chun béim a chur ar an tábhacht atá le cumarsáid mhaith laistigh den teaghlach agus conas is féidir sin a úsáid chun coimhlint a sheachaint nó chun déileáil le coimhlint. | 2.2 Staidéar tomhaltóra |
| | Ról daoine níos sine laistigh den teaghlach, ina n-áireofaí:<br>• an tábhacht atá le neamhspleáchas an duine níos sine laistigh den teaghlach<br>• coimhlint idir ghlúine agus conas déileáil leí | Imscrúdú ar an raon roghanna cóiríochta atá ar fáil do bhaill níos sine den teaghlach, ag cur béim ar bhuntáistí agus mhíbhuntáistí gach rogha. | 1.2.3 Riachtanais bhia agus chothaithe ball níos sine den teaghlach |
| | | Úsáid a bhaint as rólghlacadh agus cás-staidéir chun a léiriú conas coimhlint idir ghlúine a chosc agus conas déileáil le coimhlint dá leithéid. | 2.1.4 Tithíocht |
| | Freagairt aonad an teaghlaigh dóibh sin a bhfuil sainriachtanais fhisiceacha, mheabhrach nó mhothúchánacha acu, ina n-áireofaí na seirbhísí reachtúla agus deonacha atá ar fáil | Staidéar imscrúdaitheach gairid ar an gcaoi a bhféadfadh teaghlach freagairt do dhuine dá bhaill a bhfuil sainriachtanas fisiceach, meabhrach nó mothúchánach aige nó aici. | 1.2.3 Sainriachtanais chothaithe |

| 3. STAIDÉAR SÓISIALTA (10%) | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| **3.1.7 Dlí teaghlaigh** | Cosaint ar fáil do theaghlaigh faoi dhlí teaghlaigh na hÉireann, ina n-áireofaí:<br>• an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí) (1976)<br>• an tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh (1976)<br>• an tAcht um an Dlí Teaglaigh (1976) alt 22: orduithe urchoisc<br>• an tAcht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh (1989)<br>• an tAcht um Chúram Leanaí (1991)<br><br>An tábhacht le huacht a dhéanamh agus nós imeachta achomair air sin | Ba chóir tagairt do na hachtanna sin nuair is cuí tríd an roinn ar fad. | 2.1.3 Airgeadas do thithe |

## ÁBHAIR ROGHNACHA

Tá **trí** ábhar roghnacha ann óna roghnófar **ceann amháin.** Is é atá i ngach ábhar roghnach ná fairsingiú ar roinnt gnéithe den chroí-ábhar.

### Ábhar roghnach 1: Dearadh agus riar tí, leathanach 30

#### Aidhm

Ligean do na daltaí forbairt bhreise a dhéanamh ar a n-eolas, a dtuiscint agus a scileanna maidir le gnéithe áirithe den chroí-ábhar, go háirithe bainisteoireacht acmhainní agus staidéar tomhaltóra.

#### Ábhar

Soláthar, dearadh, tógáil agus riar tí chun freastal ar riachtanais pearsa aonair nó teaghlaigh agus le breithniú á dhéanamh i dtaca le freagracht timpeallachta agus shóisialta.

#### Measúnacht

Ní dhéanfar measúnacht ar an ábhar roghnach seo ach amháin le scrúdú scríofa ceann cúrsa.

### Ábhar roghnach 2: Teicstílí, faisean agus dearadh, leathanach 35

#### Aidhm

Ligean do na daltaí forbairt bhreise a dhéanamh ar a n-eolas, tuiscint agus scileanna maidir le gnéithe áirithe den chroí-ábhar, go háirithe teicstílí agus dearadh.

#### Ábhar

Staidéar ar dhearadh, ar dhéanamh agus ar bhreithmheas éadaí, ag cuimhneamh ar chúinsí eolaíocha agus dearaidh.

Beifear ag súil go ndéanfaidh iarrthóirí ball éadaigh a thaispeánann an úsáid a bhaintear as raon próiseas atá leagtha síos.

#### Measúnacht

Déanfar measúnacht ar an ábhar roghnach seo i bhfoirm measúnachta ar obair phraiticiúil agus scrúdú scríofa ceann bliana.

### Ábhar roghnach 3: Staidéar sóisialta, leathanach 37

#### Aidhm

Ligean do na daltaí forbairt bhreise a dhéanamh ar a n-eolas, a dtuiscint agus a scileanna maidir le gnéithe áirithe den chroí-ábhar, go háirithe staidéar sóisialta.

#### Ábhar

Staidéar ar shaincheisteanna sóisialta a bhaineann leis an teaghlach: oideachas, obair, dífhostaíocht, caitheamh aimsire, agus bochtanas.

#### Measúnacht

Ní dhéanfar measúnacht ar an ábhar roghnach seo ach amháin le scrúdú scríofa ceann cúrsa.

# CLÁR STAIDÉIR
# ÁBHAIR ROGHNACHA

(Baineann an téacs dubh leis an Ardleibhéal amháin.)

## 4. ÁBHAR ROGHNACH 1 – DEARADH AGUS RIAR TÍ (20%)

| Topaic | Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo | Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa | Naisc le codanna eile den siollabas |
|---|---|---|---|
| **4.1 Tithíocht** | | | |
| **4.1.1 Stíleanna tithíochta** | Eolas achomair ar fhorbairtí stairiúla stíleanna tithíochta in Éirinn ón naoú haois déag ar aghaidh<br><br>Stíleanna coitianta tithíochta in Éirinn an lae inniu a aithint | **Cuairt:**<br>• mar chuid de thuras scoile d'fhéadfadh na daltaí cuairt a thabhairt ar theach amháin nó ar roinnt tithe difriúla ó thréimhsí difriúla agus na saintréithe de stíl tithíochta na tréimhse a aithint. | 3.1.3 Forbairt stairiúil an teaghlaigh |
| | Cúinsí sóisialta, cultúrtha, eacnamaíocha agus timpeallachta a théann i gcion ar an rogha stíleanna tithíochta | **Plé i ngrúpaí:**<br>• grianghraif de stíleanna difriúla tithe a úsáid mar ábhar spreagthach. Pléitear oiriúnacht na stíle tí laistigh den timpeallacht máguaird. | 2.2.2 Freagracht tomhaltóra |
| **4.1.2 Soláthar tithíochta** | Cineálacha éagsúla riachtanas tithíochta, ina n-áireofaí na sainriachtanais fhisiceacha díobh seo a leanas:<br>• teaghlaigh, daoine aonair, seandaoine, daoine faoi mhíchumais, daoine gan dídean | | 2.1.4 Tithíocht<br>3.1.3 Struchtúir teaghlaigh<br>3.1.4 Feidhmeanna teaghlaigh |
| | Measúnacht ar sholáthar tithíochta in Éirinn an lae inniu, ina n-áireofaí:<br>• dáileadh tithíochta (.i. tithe ar cíos nó i seilbh ag an úinéir, tithíocht phríobháideach nó shóisialta, dáileadh uirbeach nó tuaithe)<br>• cáilíocht na cóiríochta<br>• costais inchomparáide cheannaigh agus chíosa<br>• leordhóthanacht an tsoláthair tithe i dtaca le freastal ar na cineálacha éagsúla riachtanas tithíochta | **Staidéar tithíochta:**<br>• oibríonn na daltaí i ngrúpaí agus roghnaíonn siad limistéar áitiúil (m.sh. baile fearainn, sráidbhaile, eastát tithíochta) chun a staidéar a dhéanamh air. Is é a bheidh sa staidéar ná measúnacht ar an soláthar tithe sa limistéar sin, ag tagairt do roinnt cúinsí i gcolún 2 (ábhar). | 2.1.3 Ioncam teaghlaigh<br>Caiteachas teaghlaigh<br>Buiséid phleanála<br>Airgeadas do thithe<br><br>2.2 Staidéar tomhaltóra<br>3.1.4 Feidhmeanna teaghlaigh |

| 4. ÁBHAR ROGHNACH 1 – DEARADH AGUS RIAR TÍ (20%) | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| | • soláthar tithíocht sóisialta, ina n-áireofaí soláthar údaráis áitiúil, tithíocht dheonach agus chomhair<br>• soláthar conláistí agus seirbhísí áitiúla le haghaidh forbairtí tithíochta, ina n-áireofaí: scoileanna, siopaí, lárionaid phobail, cóir iompair, lárionaid súgartha, soilsiú leordhóthanach ar shráideanna, bailiú bruscair | | 3.1.3 Athruithe sóisialta, eacnamaíocha agus teicneolaíochta a théann i gcion ar an teaghlach comhaimseartha |
| **4.2 Tógáil agus dearadh tí** | Cúinsí a théann i gcion ar an rogha suímh agus an rogha stíle tí<br><br>Riachtanais phleanála: an nós imeachta iomchuí i dtaca le cead pleanála nó ceadú fodhlí a fháil<br><br>Seirbhísí gairmiúla ar fáil chun cabhrú i ndearadh agus tógáil an tí, ina n-áireofaí:<br>• ailtirí, innealtóirí, suirbhéirí, aturnaetha, foirgneoirí, leabhair phleananna tí<br><br>Cúinsí a théann i gcion ar dhearadh an tí, ina n-áireofaí:<br>• cúinsí aeistéitiúla agus timpeallachta, riachtanais teaghlaigh (faoi láthair agus amach anseo), tíosaíocht ar fhuinneamh, eirgeanamaic, costais tosaigh agus chothabhála, forbairtí teicneolaíochta<br><br>Rialáil caighdeán tógála tithe, ina n-áireofaí:<br>• scéim náisiúnta ráthaíochta tógála tithe, soláthar deimhnithe agus ráthaíochtaí, soláthar deontais | **Cás-staidéir:**<br>Tugtar do gach dalta cás-staidéar duine nó teaghlaigh le sainriachtanas nó sraith riachtanas. Is féidir an cás-staidéar seo a úsáid i gcás na n-imscrúduithe go léir a leanann agus is féidir an fhaisnéis a bhailiú agus a thiomsú i bhfillteán.<br><br>(i) Cinntear ar shuíomh agus stíl tí a oireann don chás-staidéar ar leith agus tugtar achoimre ar an nós imeachta a leanfaí chun cead pleanála a fháil don teach roghnaithe.<br><br>(ii) Deartar an teach. Agus úsáid á bhaint as acmhainní ar bith atá ar fáil, táirgeann an dalta dearadh simplí den taobh amuigh agus taobh istigh den teach chun freastal ar riachtanais an duine nó na ndaoine sa chás-staidéar, ag tagairt do na cúinsí a thugtar i gcolún 2. | 2.1 Bainisteoireacht acmhainní teaghlaigh<br><br>2.1.3 Airgeadas do thithe<br><br>2.1 Bainisteoireacht acmhainní teaghlaigh<br>2.1.5 Teicneolaíocht teaghlaigh<br>2.2.2 Freagracht tomhaltóra<br>3.1.3 Struchtúir teaghlaigh<br>3.1.4 Feidhmeanna teaghlaigh |

## 4. ÁBHAR ROGHNACH 1 – DEARADH AGUS RIAR TÍ (20%)

| Topaic | Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo | Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa | Naisc le codanna eile den siollabas |
|---|---|---|---|
| **4.3 Ag dearadh an taobh istigh den teach** | Gnéithe agus prionsabail dearaidh agus a bhfeidhmiú don teach<br><br>Cúinsí a théann i gcion ar an taobh istigh den teach, ina n-áireofaí:<br>• cúinsí aeistéitiúla agus compoird, eirgeanamaic, méid agus dálaí teaghlaigh, riachtanais speisialta, costas, feasacht timpeallachta<br><br>Roghnú, airíonna agus úsáidí urlárlach agus clúdaigh urláir, bailchríocha balla, trealaimh agus bogfheisteas tí | (iii) Dearadh inmheánach<br>(a) Agus úsáid á baint as grianghraif nó pictiúir irise de sheomraí, measann na daltaí seomra le tagairt do na gnéithe agus na prionsabail dearaidh agus do chritéir eile de réir mar a shonraíonn an múinteoir iad<br>(b) Agus úsáid á baint as na cás-staidéir a ndearnadh tagairt dóibh níos túisce, dearann an dalta seomra amháin sa teach le tagairt do riachtanais an chás-staidéir ar leith. | 2.1.5 Teicneolaíocht teaghlaigh<br><br>2.1.6 Teicstílí<br><br>2.1.3 Bainisteoireacht acmhainní airgeadais teaghlaigh<br>2.2.1 Roghanna tomhaltóra<br>2.2.2 Freagracht tomhaltóra<br>3.1.3 Struchtúir teaghlaigh<br>2.1.3 Bainisteoireacht acmhainní airgeadais teaghlaigh<br>2.1.5 Teicneolaíocht teaghlaigh<br>2.1.6 Teicstílí |
| | Critéir do roghnú, airíonna agus úsáidí ábhar a úsáidtear sa teach, ina n-áireofaí adhmad, miotal, gloine, plaistigh agus fabraic | (iv) Déantar moltaí maidir leis an urlárlach nó na clúdaigh urláir, bailchríocha balla, trealamh agus bogfheisteas tí le haghaidh seomra amháin. | 2.2 Staidéar tomhaltóra |
| **4.4 An baile tíosach ar fhuinneamh** | Aithint soláthairtí fuinnimh don bhaile, ina n-áireofaí leictreachas, gás, ola, breoslaí soladacha, grianfhuinneamh, foinsí na soláthairtí fuinnimh sin agus inbhuanaitheacht na bhfoinsí fuinnimh sin<br>Astaíochtaí táirgthe mar thoradh ar bhreoslaí a dhó sa bhaile agus iarmhairtí na n-astaíochtaí sin ar an timpeallacht | | 2.1.5 Roghanna tomhaltóra<br>2.2.1 Roghanna tomhaltóra<br>4.5.5 Soilsiú |
| | Aithint neamhthíosachtaí fuinnimh féideartha sa bhaile<br><br>Straitéisí chun tíosacht ar fhuinneamh a fheabhsú agus astaíochtaí a laghdú | Staidéar imscrúdaitheach beag chun limistéir neamhthíosachta sa bhaile a aithint, m.sh. limistéir ina bhféadfaí teas a chailleadh, an chaoi a ndéantar uisce te tí a théamh, an úsáid neamhéifeachtach a bhaintear as leictreachas, gás agus breoslaí eile, cleachtais chócarála neamhthíosach ar fhuinneamh.<br><br>(v) Moltaí maidir dtaca le conas is féidir tíosacht ar fhuinneamh a mhéadú, agus an baile á dhearadh. | 2.2.2 Freagracht tomhaltóra<br><br>2.1 Bainisteoireacht acmhainní teaghlaigh<br><br>4.2 Tógáil agus dearadh tí |

| 4. ÁBHAR ROGHNACH 1 – DEARADH AGUS RIAR TÍ (20%) | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| **4.5 Córais agus seirbhísí** | | | |
| **4.5.1 Leictreachas** | Soláthar leictreachais tí agus struchtúr an chiorcaid fháinnigh<br><br>Voltas, vatacht, aimpéaras, cileavatuair, taraifí agus costálacha<br><br>Sábháilteacht san úsáid a bhaintear as leictreachas. Fiúsanna, scoradáin chiorcaid, agus talmhú | (vi) Déanann na daltaí moltaí maidir le córais téite, soilsithe agus aeraithe le haghaidh seomra amháin sa teach atá deartha acu. | 2.1 Bainisteoireacht acmhainní teaghlaigh<br>2.1.3 Airgeadas do thithe<br>2.1.5 Teicneolaíocht teaghlaigh<br>2.2 Staidéar tomhaltóra<br>2.2.1 Roghanna tomhaltóra<br>4.2 Tógáil agus dearadh tí |
| **4.5.2 Uisce** | Soláthar agus stóras uisce fuar sa teach | | 1.1.7 Uisce |
| **4.5.3 Téamh** | Leibhéil chompoird theirmigh agus a rialú, ina n-áireofaí bunphrionsabail agus bunúsáidí teirmeastat<br><br>Roghanna téimh ar fáil agus cúinsí le breithniú nuair atá córas téimh á roghnú<br><br>Prionsabail eolaíocha atá mar bhunús le córas amháin téimh lárnaigh tí agus feidhmiú na bprionsabal sin | | 4.4 An baile tíosach ar fhuinneamh<br><br>2.2 Staidéar tomhaltóra |

## 4. ÁBHAR ROGHNACH 1 – DEARADH AGUS RIAR TÍ (20%)

| Topaic | Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo | Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa | Naisc le codanna eile den siollabas |
|---|---|---|---|
| **4.5.4 Insliú** | Bunphrionsabail agus modhanna inslithe | Déanann na daltaí an soláthar aeraithe sa seomra eacnamaíocht bhaile nó i seomra ina dteach féin a mheas agus déanann moltaí i dtaca le feabhsúcháin a bhfuil gá leo. | 4.4 An baile tíosach ar fhuinneamh |
| **4.5.5 Aerú** | Prionsabail atá mar bhunús leis an aerú agus feidhmiú na bprionsabal sin<br>Modhanna nádúrtha agus saorga aeraithe | Déanann na daltaí an soláthar inslithe ina dteach féin a mheas agus déanann moltaí i dtaca le feabhsúcháin a bhfuil gá leo. | 2.1.5 Teicneolaíocht teaghlaigh |
| **4.5.6 Soilsiú** | Airíonna solais agus feidhmiú na n-airíonna sin<br>Prionsabail do phleanáil córas soilsithe Achoimre ar fhorbairtí soilsithe comhaimseartha<br>Bunphrionsabail agus úsáidí soilsithe atá tíosach ar fhuinneamh | Imscrúdú ar fhorbairtí soilsithe comhaimseartha, ag baint úsáid as irisí, bróisiúir, cuairteanna ar shiopaí, srl. | 4.4 An baile tíosach ar fhuinneamh<br>2.2 Staidéar tomhaltóra |

# CLÁR STAIDÉIR
# ÁBHAIR ROGHNACHA

(Baineann an téacs dubh leis an Ardleibhéal amháin.)

## 5. ÁBHAR ROGHNACH 2 – TEICSTÍLÍ, FAISEAN AGUS DEARADH (20%)%)

| Topaic | Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo | Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa | Naisc le codanna eile den siollabas |
|---|---|---|---|
| **5.1 Éadaí agus faisean comhaimseartha** | Tionchair shóisialta, eacnamaíocha agus thionsclaíocha ar dhearadh agus déanamh éadaí | **Tionscadail ghrúpa:**<br>• úsáidtear rogha de ghrianghraif teaghlaigh, pictiúir as irisí, srl. ó réanna difriúla chun "stíl" na ré a léiriú.<br>• déantar comparáidí idir treochtaí faisin san am atá caite agus forbairtí le déanaí. | 2.1.6 Teicstílí<br>3.1.3 Struchtúir teaghlaigh |
| | Measúnacht léirmheastach ar threochtaí faisin (d'fhir agus do mhná) ina n-áireofaí tagairt do:<br>• dath, cruth, líne, comhréir, patrún, uigeacht, tionchair, gabhálais agus gnéithe oiriúnacha eile | **Plé i ngrúpaí:**<br>• úsáidtear pictiúir irise, físeáin srl. chun plé ar ghnéithe den fhaisean comhaimseartha a spreagadh. | 2.2 Staidéar tomhaltóra |
| | Cúinsí a théann i gcion ar riachtanais éadaí, ina n-áireofaí:<br>• feidhm, costas maidir leis an airgid atá ar fáil, infhaighteacht, snáithíní nua, na meáin, socróir treochtaí, faisean, tionchair shóisialta agus chultúrtha | | 2.1 Bainisteoireacht acmhainní teaghlaigh |
| | Gnéithe agus prionsabail dearaidh | | |
| **5.2 Eolaíocht teicstíle** | Aicmiúchán, foinsí agus úsáidí snáithíní nádúrtha, athghinte agus sintéiseacha | | |
| | Próifílí fabraic amháin déanta as snáithíní nádúrtha, fabraic amháin déanta as snáithíní monaraithe, agus fabraic amháin cumaiscthe, ina n-áireofaí:<br>• táirgeadh agus airíonna snáithíní aithint snáithíní, ag baint úsáid as tástálacha dó agus measúnacht mhicreascópach, táirgeadh snátha, modhnú snátha nó filiméid | Réimse fabraicí a bhreathnú agus a mhothú chun a n-airíonna fisiceacha a thabhairt faoi deara.<br><br>Imscrúdú ar fhabraicí iomchuí chun an méid seo a leanas a aithint: bunús snáithíní, modh táirgthe snátha, déanamh fabraice, an teicníocht a úsáideadh, agus an dearadh a cuireadh i bhfeidhm. | 1.1.2 Bunstruchtúr próitéin<br>1.1.3 Bunstruchtúr carbaihiodráití. Foirmíocht polaiméirí |

| 5. ÁBHAR ROGHNACH 2 – TEICSTÍLÍ, FAISEAN AGUS DEARADH (20%)%) | | | |
|---|---|---|---|
| **Topaic** | **Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo** | **Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa** | **Naisc le codanna eile den siollabas** |
| | • teicníochtaí déanta fabraice (dhá nó trí theicníc), bailchríocha (dhá nó trí bhailchríoch), dathúsáid (dhá mhodh), feidhmiú dearaidh (dhá mhodh) agus tástáil feidhmithe fabraice (dhá thástáil) | Déanann na daltaí tástálacha eolaíocha simplí ar fhabraicí chun saintréithe feidhmithe áirithe a thástáil. | |
| **5.3 Measúnacht dearaidh agus déanamh ball éadaigh** | Na gnéithe agus na prionsabail dearaidh a chur i bhfeidhm ar dhéanamh agus mheasúnacht ball éadaigh | | 2.1.6 Teicstílí<br>2.2.1 Roghanna tomhaltóra |
| | Measúnacht ar an dearadh ball éadaigh nó córacha éadaigh, le tagairt don ghaol idir dearadh agus feidhm, compord, agus taitneamh aeistéitiúil | Agus úsáid á baint as baill éadaigh nó pictiúir de bhaill éadaigh, déantar an dearadh ball éadaigh a mheas le tagairt do na gnéithe agus na prionsabail dearaidh. | |
| | Eolas ar an bpróiseas deartha agus feidhmiú an phróisis sin i dtaca le déanamh baill éadaigh, ag taispeáint úsáid as raon próiseas atá leagtha síos. Is féidir patrúin tráchtála a úsáid | Úsáid a bhaint as an bpróiseas dearaidh chun sceitse faisin de bhall éadaigh nó cóir éadaigh a tháirgeadh chun freastal ar shainchúram. | 2.1.5 Teicneolaíocht teaghlaigh |
| | Roghnú agus modhnú patrúin tráchtála chun freastal ar shainriachtanas nó ar shraith riachtanas | Tástáil fabraicí d'oiriúnacht maidir le dearadh, m.sh. ionsúiteacht, crapadh, uisce-éarthacht, roc-cheartú. | |
| **5.4 Tionscal éadaí agus an tionscal teicstíle** | Forbhreathnú ar struchtúr an tionscail éadaí agus an tionscail teicstíle in Éirinn, ina n-áireofaí ról na gcomhlachtaí beaga nó na dtionscal tinteáin laistigh de na réimsí éadaí agus teicstílí a aithint, chomh maith leis na deiseanna gairme sna tionscail éadaí, teicstíle agus ghaolmhara eile | Cuairt ar mhonarcha, oibrí ceirde srl. sa réimse éadaí nó teicstílí chun a mheas conas a thoilleann siad i struchtúr an tionscail, conas a chuireann siad leis an gceantar, agus cad iad na deiseanna gairme a chuireann siad ar fáil. | |

# CLÁR STAIDÉIR
# ÁBHAIR ROGHNACHA

(Baineann an téacs dubh leis an Ardleibhéal amháin.)

## 6. ÁBHAR ROGHNACH 3 – STAIDÉAR SÓISIALTA (20%)

| Topaic | Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo | Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa | Naisc le codanna eile den siollabas |
|---|---|---|---|
| **6.1 Athrú sóisialta agus an teaghlach** | Tionchar athraithe shóisialta agus eacnamaíocht ar shaol an teaghlaigh, ina n-áireofaí:<br>• an t-athrú i bpatrúin socrúcháin ón tuath go dtí an chathair, laghdú ar uaireanta oibre agus meadú ar am scíthe, feabhsúcháin soláthar oideachais agus leasa shóisialta, dearcaí athraitheacha i leith pósta, tuismíochta agus ról traidisiúnta laistigh den teaghlach, pá agus coinníollacha oibre feabhsaithe, páirteachas méadaithe na mban sa lucht oibre, reachtaíocht ar phá comhionann agus ar dheiseanna fostaíochta, dífhostaíocht | **Cás-staidéar:**<br>• comparáid idir saol teaghlaigh céad bliain ó shin agus saol teaghlaigh an lae inniu, le tagairt do: rólanna baill éagsúla den teaghlach, am scíthe ar fáil, cé a d'fhreastail ar scoil agus cad a ghabh leis sin, líon páistí, srl.<br><br>**Agallamh:**<br>• cuireann na daltaí agallamh ar ghaol scothaosta nó seanduine den phobal leis an aidhm eispéiris teaghlaigh mar a bhí agus mar atá anois a chur i gcomparáid le chéile. | 3.1.3 Struchtúir teaghlaigh<br>3.1.5 Pósadh<br>3.1.6 Rólanna teaghlaigh |
| **6.2 Oideachas** | Feidhm an oideachais:<br>• mar mhodh sóisialtaithe<br>• i bhforbairt fhisiceach, mhothúchánach, mhorálta agus intleachtúil na pearsa aonair<br>• mar ullmhúchán le haghaidh oibre<br><br>Cúinsí a théann i gcion ar ghnóthachtáil oideachais<br><br>An soláthar oideachais in Éirinn, ina n-áireofaí:<br>• oideachas réamhscoile, bunoideachas, oideachas dara leibhéal, oideachas tríú leibhéal, oideachas aosach agus oideachas dara seans, oideachas sainriachtanas<br><br>Comhionannas deiseanna in oideachas, le tagairt d'éagothroime idir fhir agus mhná, stádas socheacnamaíoch, daltaí faoi mhíbhuntáiste, luathfhágálaithe scoile Tionscnaimh chomhaimseartha chun fáil ar oideachas a fheabhsú | | 2.1 Bainisteoireacht acmhainní teaghlaigh<br>3.1.4 Feidhmeanna teaghlaigh<br>3.1.6 An teaghlach mar aonad comhbhách<br>6.4 Scíth<br>6.5 Dífhostaíocht<br>6.6 Bochtanas<br>6.7 Freagairtí reachtúla agus pobail d'fhostaíocht a chruthú agus fáil réidh le bochtanas<br><br>6.5 Dífhostaíocht |

## 6. ÁBHAR ROGHNACH 3 – STAIDÉAR SÓISIALTA (20%)

| Topaic | Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo | Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa | Naisc le codanna eile den siollabas |
|---|---|---|---|
| **6.3 Obair** | | | |
| **6.3.1 Coincheapa oibre** | Obair a shainmhíniú:<br>• fostaíocht íoctha, obair neamhíoctha sa bhaile agus gníomhartha bainteach leis an mbaile, obair dheonach | Agus úsáid á baint as cás-staidéir ar phost-tuairiscí ag an iliomad oibrithe, déanann na daltaí scrúdú agus tugann siad a dtuairimí ar an leibhéal sásaimh a fhaigheann an t-oibrí agus conas a d'fhéadfaí é sin a fheabhsú, dá mba ghá. | 2.1 Bainisteoireacht acmhainní teaghlaigh<br>3.1.3 Struchtúir teaghlaigh<br>3.1.4 Feidhmeanna teaghlaigh<br>6.2 Oideachas<br>6.7 Eagraíocht dheonach |
| | Dearcaí i leith obair agus gnóthachtála oibre, ina n-áireofaí:<br>• sásamh eisintreach agus intreach, eitic oibre, athruithe in obair de réir slí bheatha | | 2.1.2 Cáilíochtaí a théann i gcion ar bhainisteoireacht |
| | Athruithe i bpatrúin oibre agus in infhaighteacht oibre, ina n-áireofaí:<br>• iarmhairt teicneolaíochta forbartha ar thionscal, an meath i dtionscail phríomhúla agus thánaisteacha agus méadú ar obair sna tionscail seirbhíse, riachtanais oideachais mhéadaithe chun fostaíocht a fháil, páirtíocht mhéadaithe na mban i bhfostaíocht, coinníollacha oibre feabhsaithe, solúbthacht in uaireanta oibre a mhéadú, m.sh. postroinnt, fleisc-uaireanta, saoire do thuismitheoirí | Imscrúdú ar an struchtúr gairme in Éirinn faoi láthair agus comparáid idir é agus an struchtúr leathchéad bliain ó shin. | 6.4 Scíth<br>6.5 Dífhostaíocht<br>6.7 Freagairtí reachtúla agus pobail d'fhostaíocht a chruthú agus fáil réidh le bochtanas |
| | An ról atá ag obair neamhíoctha agus obair dheonach sa phobal agus na sochair le gnóthachtáil ag an oibrí deonach agus ag an bpobal | | |
| | Eolas achomair ar an Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) (1996) | | |

## 6. ÁBHAR ROGHNACH 3 – STAIDÉAR SÓISIALTA (20%)

| Topaic | Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo | Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa | Naisc le codanna eile den siollabas |
|---|---|---|---|
| **6.3.2 Fostaíocht agus freagrachtaí teaghlaigh a thabhairt le chéile** | Patrúin athraitheacha i rólanna na bhfear agus na mban laistigh den teaghlach<br><br>Tionchar teaghlach dé-shaothraí ar shaol teaghlaigh, ina n-áireofaí:<br>• forualú rólanna, coimhlint i rólanna, dáileadh freagrachtaí tuismitheora agus cúraim baile<br><br>Riachtanais teaghlaigh maidir le saoráidí agus roghanna cúraim leanaí atá ar fáil chun freastal ar na riachtanais sin<br><br>Measúnacht ar dhá shórt rogha cúraim leanaí atá fáil | **Suirbhé ranga:**<br>• liosta de 20 tasc baile a dhéanamh<br>• ceistiúchán a thiomsú le dáileadh ar roinnt teaghlach chun rólanna fireannacha agus baineannacha a fháil amach.<br><br>**Plé ranga:**<br>• an bhfuil na rólanna sin athraithe le blianta beaga anuas, agus cén fáth?<br><br>Imscrúdú ar aon raon roghanna cúraim leanaí ar fáil sa cheantar. | 1.3.3 Bainisteoireacht agus pleanáil béilí<br>2.1.2 Cáilíochtaí a théann i gcion ar bhainisteoireacht<br>2.2.1 Roghanna tomhaltóra<br>3.1.3 Struchtúir teaghlaigh<br>3.1.4 Feidhmeanna teaghlaigh<br>3.1.6 Rólanna agus freagracht |
| **6.4 Scíth** | Scíth a shainmhíniú agus cinneadh ar a feidhm agus luach i saol an lae inniu<br><br>Tionchair ar phatrúin scíthe, ina n-áireofaí: tionchair shóisialta agus chultúrtha, slí bheatha, aois, gnéas<br><br>Ról gníomhaíochtaí scíthe pearsa aonair agus teaghlaigh i bhforbairt fhisiceach, shóisialta agus mhothúchánach<br><br>Measúnacht ar na saoráidí scíthe atá ar fáil sa phobal, ina n-áireofaí comparáid costais agus luacha dhá shaoráid | Liostaíonn na daltaí a gcaitheamh aimsire scíthe in ord tosaíochta, measann siad costais tosaigh agus chothabhála an chaitheamh aimsire sin, agus bunaíonn sochair fhisiceacha, shóisialta agus mhothúchánacha na ngníomhaíochtaí sin.<br><br>Cás-staidéir ar theaghlaigh i suímh éagsúla agus ag céimeanna difriúla den saolré teaghaigh.<br><br>Roinneann na daltaí a n-am in am oibre nó am scoile, am a chaitear ar dhualgais tí, agus am scíthe i gcás gach lae. Déantar moltaí maidir le bealaí chun am scíthe a chaitheamh. | 6.3.1 Coincheapa oibre<br><br>6.5 Dífhostaíocht<br>2.1 Bainisteoireacht acmhainní teaghlaigh<br>2.1.3 Bainisteoireacht acmhainní airgeadais teaghlaigh<br>3.1.4 Feidhmeanna teaghlaigh<br><br>2.1.3 Bainisteoireacht acmhainní |

## 6. ÁBHAR ROGHNACH 3 – STAIDÉAR SÓISIALTA (20%)

| Topaic | Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo | Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa | Naisc le codanna eile den siollabas |
|---|---|---|---|
| **6.5 Dífhostaíocht** | Dífhostaíocht a shainmhíniú, agus eolas ar an méid dífhostaíochta in Éirinn<br><br>Cúiseanna le dífhostaíocht, ina n-áireofaí:<br>• séasúrach, geografach, teicniúil, deacracht le hoiriúnú do riachtanais athraitheacha an tionscail, leibhéal éilimh ar tháirgí agus sheirbhísí, iarmharach<br><br>Iarmhairtí dífhostaíochta ar an bpearsa aonair, ar an teaghlach, agus ar an tsochaí | | 6.3.1 Coincheapa oibre<br><br>3.1.4 Feidhmeanna teaghlaigh<br><br>2.1.1 Bainisteoireacht<br>2.1.3 Bainisteoireacht acmhainní airgeadais teaghlaigh<br>3.1.6 An teaghlach mar aonad comhbhách<br>6.7 Freagairtí reachtúla agus pobail d'fhostaíocht a chruthú agus fáil réidh le bochtanas |
| **6.6 Bochtanas** | | | |
| **6.6.1 Coincheapa bochtanais** | Bochtanas a shainmhíniú, ina n-áireofaí bochtanas iomlán agus bochtanas coibhneasta agus an líne bhochtanais<br><br>Méid agus dáileadh an bhochtanais in Éirinn an lae inniu agus na grúpaí sin atá i mbaol an bhochtanais a aithint | **Plé i ngrúpaí:**<br>• agus úsáid á baint as grianghraif mar spreagthaigh, pléann na daltaí cineál coibhneasta an bhochtanais. | 3.1.6 An teaghlach comhbhách:<br>• sainriachtanais<br><br>2.2 Staidéar tomhaltóra<br>3.1.3 Struchtúir teaghlaigh<br>3.1.4 Feidhmeanna teaghlaigh<br><br>3.1.6 An teaghlach mar aonad comhbhách |
| **6.6.2 Cúiseanna agus iarmhairtí an bhochtanais** | Cúiseanna le bochtanas bheith ina ghné de shochaí chomhaimseartha an Iarthair i gcónaí, ina n-áireofaí:<br>• timthriall an bhochtanais<br>• tionchar polasaí shóisialta ar bhochtanas, an timthriall díthe i dteaghlaigh agus limistéir gheografacha, ghaiste an bhochtanais | | |

## 6. ÁBHAR ROGHNACH 3 – STAIDÉAR SÓISIALTA (20%)

| Topaic | Ábhar: eolas agus tuiscint a mbeifear ag súil leo | Gníomhaíochtaí chun tacú le cuspóirí an chúrsa | Naisc le codanna eile den siollabas |
|---|---|---|---|
| **6.7 Freagairtí reachtúla agus pobail d'fhostaíocht a chruthú agus fáil réidh le bochtanas** | Freagairtí reachtúla, ina n-áireofaí:<br>• cúnamh agus sochair leasa shóisialta, tionscnaimh a spreagann infheistíocht choigríche<br>• scéimeanna chun caiteachas do theaghlaigh ar ioncam íseal a laghdú | **Imscrúdú ranga:**<br>Oibríonn na daltaí i ngrúpaí beaga chun imscrúdú a dhéanamh ar sheirbhís reachtúil amháin atá ar fáil agus cuireann siad i láthair achoimre ar an bhfaisnéis don rang ar fad. | 2.1.3 Bainisteoireacht acmhainní teaghlaigh agus airgeadais<br>3.1.4 Feidhmeanna teaghlaigh<br>6.2 Oideachas<br>6.3 Obair |
| | Freagairtí pobail, ina n-áireofaí:<br>• obair eagraíochtaí deonacha<br>• tionscnaimh fostaíochta agus oiliúna oideachais pobalbhunaithe, eascairt comharchumann agus tionscal tinteáin | Imscrúdú ar thionscnamh nó ar ghrúpa amháin, sa cheantar áitiúil ab fhearr, atá i ndiaidh freagairt do riachtanais an phobail. | |

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
NCCA

# Nósanna imeachta le haghaidh Siollabais Náisiúnta a cheapadh

Is iad seo a leanas na baill atá ag Coistí Cúrsaí na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) don Ardteistiméireacht (Bhunaithe):

- *Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire*
- *Aontas Múinteoirí Éireann*
- *Comhchoiste na mBainisteoirí*
- *Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha*
- *Cumann an Ábhair*
- *Cumann Gairmoideachais in Éirinn*
- *Comhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais*
- *Comhdháil Chinn Ollscoile na hÉireann*
- *An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (Cigireacht).*

Ullmhaíonn Coistí na CNCM na siollabais ar bhonn na treorach a chuireann an Chomhairle ar fáil.

Cuirtear moltaí na gCoistí Cúrsaí faoi bhráid Chomhairle na CNCM le go nglacfaí leo. Tar éis don Chomhairle na moltaí a mheas, tugann an CNCM comhairle dá réir sin don Aire Oideachais agus Eolaíochta.

Tá tuilleadh eolais le fáil ó
CNCM ag 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.
Teil. 01-6617177 Facs (01) 6617180
Ríomhphost info@ncca.ie
Suíomh gréasáin www.ncca.ie

**Arna fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair**
Le ceannach díreach ó:
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,
Teach Sun Alliance,
Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.
nó tríd an bpost ó:
Foilseacháin Rialtais, An Rannóg Post-Tráchta,
51 Faiche Stabhna, Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01-647 6834/5 Facs: 01-647 6843
Or through any bookseller.
**Praghas: €1.90**

Arna dhearadh ag Langley Freeman Design Group Limited
© 2002 Rialtas na hÉireann